# Foilsiú iarratais ar fhormheas a dhéanamh ar leasú nach mionleasú é ar shonraíocht táirge de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/5439)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír, nó duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil leas dlisteanach aige agus atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR FHORMHEAS AR LEASÚ, NACH MIONLEASÚ É, AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE LE HAGHAIDH AINMNIÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT/TÁSCA GEOGRAFACHA FAOI CHOSAINT

**Iarratas ar fhormheas ar leasú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 53(2), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012**

**'Espárrago de Huétor-Tájar'**

**Uimh. AE: PGI-ES-0056-AM01**

**Arna chur isteach an 18.10.2019**

**☐ ATFC TGFC**

## 1. Grúpa iarrthach agus leas dlisteanach

Ainm an ghrúpa iarrthaigh:

Consejo Regulador de la Indicación Geográfica Protegida 'Espárrago de Huétor-Tájar' [Bord Rialála TGFC 'Espárrago de Huétor-Tájar']

Seoladh: Ctra. De la Estación s/n – 18.360 Huétor-Tájar (Granada, an Spáinn)

Teil. +34 958333443

Seoladh ríomhphoist: info@esparragodehuetortajar.com

Comhdhéanamh nó foirm dhlíthiúil:

Is corparáid neamhbhrabúsach dlí phoiblí é an Bord Rialála le haghaidh TGFC 'Espárrago de Huétor-Tájar', a aithníonn an t-údarás inniúil sa Bhallstát mar chomhlacht bainistíochta an TGFC é. Déanann sé ionadaíocht ar leasanna na n-earnálacha a bhfuil baint acu leis an lus súgach faoi chosaint a tháirgeadh: saothraithe (feirmeoirí) agus próiseálaithe (monarchana láimhseála agus cannadóireachta lusa shúgaigh úir). Rialaítear go daonlathach é agus ar an bprionsabal gur cheart ionadaíocht chomhionann a dhéanamh ar leasanna eacnamaíocha agus tionscail a chomhdhéanann é, agus ar leasanna mionlaigh go háirithe, agus is amhlaidh atá go deimhin. Thairis sin, tá an inniúlacht dhlíthiúil ag an mBord Rialála an t-iarratas seo ar leasú a chur isteach i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, go sonrach Airteagal 13(2)(a) de Dhlí Rialtas na hAndalúise 2/2011 an 25 Márta 2011 maidir le hiascach agus cáilíocht bhia.

## 2. Ballstát nó tríú tír

An Spáinn

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L 2024/1143, 23.4.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3. **Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear**

☐ Ainm an táirge

☒ Tuairisc ar an táirge

☐ Limistéar geografach

☒ Cruthúnas tionscnaimh

☒ Modh táirgthe

☒ Nasc

☒ Lipéadú

☒ Eile (ceanglais dlí agus seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge)

4. **Cineál an leasaithe (nó na leasuithe)**

☒ Leasú ar shonraíocht táirge le haghaidh ATFC cláraithe nó TGFC cláraithe nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

☐ Leasú ar shonraíocht táirge le haghaidh ATFC cláraithe nó TGFC cláraithe nár foilsíodh Doiciméad Aonair (nó a choibhéis) ina leith agus nach bhfuil le cáiliú mar mhionleasú i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

5. **Leasú (nó na leasuithe)**

5.1. *Sainmhíniú nua ar speicis luibheolaíocha na bpobal áitiúil lusanna súgacha atá le fáil in Huétor-Tájar agus athstruchtúrú na bhforanna. Roinn B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge sa chéad mhír de Roinn **B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE**. Ina theannta sin, chun go mbeidh Roinn **B** ina hiomláine níos éasca a thuiscint, rinneadh é a athstruchtúrú ina thrí fhoroinn: **B.1. - Sainmhíniú ar an táirge; B.2. - Saintréithe an chineáil áitiúil; agus B.3. - Caighdeáin le haghaidh táirgí a dhíoltar úr nó stánaithe.**

Tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe agus ar an gcúis atá leis an leasú

In ionad na foclaíochta '*Asparagus officinalis L.subespecie genéticamente tetraploide*, cosúil...', cuireadh 'an cineál áitiúil ar a dtugtar "*Espárrago Verde Morado de Huétor-Tájar*" nó "*Moradode Huétor*" (*Asparagus maritimus Mill. x Asparagus officinalis L.*), ar a dtugtar "*espárragos trigueros*" sa Spáinnis, toisc go bhfuil saintréithe comhchosúla acu...'. Ag deireadh an dara mír, cuireadh 'den 20ú céad' in ionad 'den chéad'.

Baineann an leasú leis an sainmhíniú nua ar phobal áitiúil lusa shúgaigh Huétor-Tájar, mar a leagtar síos i Roinn (B) anseo. Tá an sainmhíniú nua ina thoradh ar an eolas eolaíoch cothrom le dáta faoin táirge a fuarthas le 20 bliain anuas.

Tagann bonn eolaíoch an athruithe sin ó staidéir ar shaintréithriú géiniteach 'Espárrago de Huétor-Tájar' a rinne Roinn Géineolaíochta Plandaí Ollscoil Córdoba. Léirítear leis an taighde sin, a raibh anailís DNA (micreasatailít) i gceist leis, gur tháinig an cineál áitiúil chun cinn go luath sa 20ú céad ó hibridiú nádúrtha an speicis saothraithe *Asparagus officinalis* (dioplóideach 2x) agus an speicis fhiáin *Asparagus maritimus* (heicseaphlóideach 6x), as a dtáinig cros idirspeiceasach. Is é *Asparagus maritimus* Mill. an speiceas is ceannasaí, arb é dhá thrian (66,67 %) de gheirmphlasma 'Espárrago de Huétor-Tájar' é, agus níl sa speiceas *Asparagus officinalis* L ach aon trian de (33,33 %) . Tá saintréithe fíliginiteacha uathúla aige dá bharr sin, saintréithe ar a dtugtar tuairisc sa litríocht eolaíoch fhairsing a foilsíodh ar ghéineolaíocht agus fíticheimic 'Espárrago de Huétor-Tájar'. Cuireadh isteach na focail 'den 20ú céad' chun a shoiléiriú go dtagraíonn sé don 20ú céad.

5.2. *Tréithe moirfeolaíocha agus orgánaileipteacha a thabhairt cothrom le dáta, agus an tuairisc chíteolaíoch agus na marcóirí iseinsíme de phobal áitiúil Huétor-Tájar a bhaint. Roinn B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE*

Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht táirge i Roinn **B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE**, an 2ú mír go dtí an 10ú mír, an dá mhír sin san áireamh.

Tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe agus ar an gcúis atá leis an leasú

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an dara mír, 'Is iad seo a leanas saintréithe na bpobal dúchasach:':

*B.2. - Saintréithe an chineáil áitiúil*

*Is iad seo a leanas na saintréithe a dhéanann idirdhealú idir cineál áitiúil Huétor-Tájar agus cineálacha tráchtála eile de lus súgach glas a fhaightear ar fud an domhain:*

Ina theannta sin, leasaíodh foclaíocht an tríú mír:

— ***Cuma:*** *Bíonn dath corcra, cré-umha corcra, cré-umha, glas-corcra nó glas ar ghais na lusanna súgacha. Bíonn siad tanaí (4-12 mm ar trastomhas) agus tá an barr biorach nó barrchaolaithe agus níos leithne ná an chuid eile den ghas. Bíonn 'spoir' bheaga ag na gais faoi na brachtanna.*

Tugadh an méid thuas cothrom le dáta mar a leanas:

— ***Cuma:*** *Is féidir dathú antóiciainine — corcra, cré-umha corcra, cré-umha, glas-corcra nó glas — a fháil ar an ngas agus ar an mbarr araon. Bíonn gais na lusanna súgacha díreach agus sorcóireach. Bíonn siad idir tanaí agus meánach (idir 4 mm agus 16 mm ar trastomhas de ghnáth), agus bíonn an barr biorach nó barrchaolaithe agus níos leithne ná an chuid eile den ghas (sleá-chruthach). Bíonn 'spoir' bheaga ag na gais faoi na brachtanna agus d'fhéadfadh línte laga a bheith le feiceáil ar an gcraiceann.*

Méadaíodh tuairisc fhisiceach an táirge mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta san eolas teicniúil agus eolaíoch ar 'Espárrago de Huétor-Tájar'. Tá béim ar na gnéithe sonracha a eascraíonn as an speiceas as a dtagann sé, *Asparagus maritimus Mill.* Sa téacs mar atá sé anois, cuirtear síos do ghais na lusanna súgacha go bhfuil siad díreach agus go bhfuil cruth sleá ar a mbarr, ar saintréithe iad a dhealaíonn ó chineálacha lusanna súgacha glasa tráchtála den speiceas *Asparagus officinalis* L iad. Luaitear anois go bhféadfadh línte laga a bheith le feiceáil ar an gcraiceann freisin. Baineann an tuairisceoir sin le speicis éagsúla de lus súgach '*triguero*' fiáin lena n-áirítear *A. maritimus* Mill. Athrú eile ar an tuairisc ar an gcuma is ea méadú ar luach uachtarach an ghnáthraoin trastomhais, atá 4-16 mm seachas 4-12 mm anois. Tharla an t-athrú sin toisc, mar thoradh ar obair chrua na bhfeirmeoirí áitiúla chun na plandaí a roghnú, is féidir plandaí lusa shúgaigh níos aonfhoirmí agus níos bríomhaire a fháil anois ó phobal 'Espárgo Verde Morado de Huétor-Tájar'.

Leasaíodh foclaíocht an cheathrú mír:

— ***Tréithe orgánaileipteacha:*** *Bíonn uigeacht an lusa shúgaigh bog, feolmhar agus teann. Bíonn blas fíneálta idir milis agus searbh air agus dea-bholadh dian a chuireann lus súgach 'triguero' i gcuimhne.*

Tugadh an méid thuas cothrom le dáta mar a leanas:

— ***Tréithe orgánaileipteacha:*** *Nuair a bhíonn sé úr, bíonn uigeacht an lusa shúgaigh bog, feolmhar agus solúbtha. Bíonn na gais an-solúbtha: de réir an trastomhais – dá thanaí an gas, is ea is mó a lúbann sé – is féidir cuid acu a lúbadh níos mó ná 70° gan iad a bhriseadh. Bíonn blas fíneálta idir searbh agus milis agus dea-bholadh dian ar an lus súgach.*

Méadaíodh an tuairisc orgánaileipteach mar gheall ar fhaisnéis a fuarthas faoi thástáil chéadfach ar 'Espárrago de Huétor-Tájar' a rinneadh in Ollscoil Granada in 2003 (An Roinn Cothúcháin agus Eolaíochta Bia, Scoil na Cógaisíochta). Sa tuairisc, cuireadh 'solúbtha' in ionad 'teann', paraiméadar sreabheolaíoch atá nasctha le teinne a laghdaíonn costais deimhniúcháin, toisc é a bheith níos saoire agus níos éasca a thomhas. Is gá anailíseoir uigeachta a úsáid chun teinne an lusa shúgaigh a thomhas, rud a mbaineann próiseas tástála costasach casta leis. Os a choinne sin, is féidir solúbthacht an lusa shúgaigh a thomhas, i.e. cé chomh fada is féidir é a lúbadh, rud atá éasca, tapa agus an-saor a dhéanamh. Tugadh isteach paraiméadar oibiachtúil intomhaiste le haghaidh na n-airíonna sreabheolaíocha a bhaineann go sainiúil le 'Espárrago de Huétor-Tájar': ní mór gur féidir na gais a lúbadh 70º ar a laghad gan iad a bhriseadh. Is gné shainiúil é sin de lus súgach fiáin *triguero* agus den 'Espárrago de Huétor-Tájar' nach bhfuil le fáil sa lus súgach (*Asparagus officinalis* L.) atá níos righne agus níos snáithíní. Baineadh na focail 'a chuireann lus súgach fiáin *triguero* i gcuimhne' den tuairisc orgánaileipteach freisin, toisc nár soláthraíodh aon fhaisnéis thuairisciúil leis an bhfrása sin ar an leibhéal orgánaileipteach agus gur luadh cosúlacht an táirge leis an lus súgach *triguero* cheana féin sa sainmhíniú ar an táirge (foroinn B.1).

Scriosadh míreanna 5 go 9:

— *Cíteolaíocht... (2n = 40)*

— *Iseinsímí... Euphytica 61: 169-179).*

Baineadh an tuairisc chíteolaíoch agus an aithris a thagair do mharcóirí iseinsíme a bhí sa tsonraíocht táirge roimhe seo toisc iad a bheith imithe i léig i bhfianaise an taighde ghéinitigh is déanaí ar 'Espárrago de Huétor-Tájar'. Thairis sin, níl gá le tuairisceoirí géiniteacha chun 'Espárrago de Huétor-Tájar' a chaighdeánú. Is cinnte go bhfuil an tuairisc ar an gcuma agus ar na tréithe orgánaileipteacha leordhóthanach, agus is éasca agus is saoire í chun meastóireacht a dhéanamh. Is príomhthosca idirdhealaitheacha iad sin freisin, ós rud é go bhfuil dlúth-chomhfhreagairt an-suntasach idir na marcóirí sin agus géineolaíocht 'Espárrago de Huétor-Tájar' (*Asparagus maritimus* Mill. x *Asparagus officinalis* L.).

Leasaíodh mír 10:

*A bhuí leis na saintréithe sin, is féidir lus súgach dúchasach Huétor-Tájar a aithint go héasca, i dtéarmaí cuma agus géineolaíochta araon, ó chineálacha eile lusanna súgacha glasa a dhíoltar ar fud an domhain.*

Tugadh cothrom le dáta í mar a leanas:

*A bhuí leis na saintréithe sin, atá sainmhínithe go han-soiléir, is féidir lus súgach dúchasach Huétor-Tájar a aithint go héasca, i dtéarmaí cuma agus tréithe orgánaileipteacha araon, ó chineálacha eile lusanna súgacha glasa a dhíoltar ar fud an domhain, gach ceann acu ina lus súgach garraí (ainm luibheolaíoch Asparagus officinalis L.).*

Tá béim ar na difríochtaí móra (i dtéarmaí cuma agus tréithe orgánaileipteacha) idir 'Espárrago de Huétor-Tájar' agus cineálacha tráchtála eile lusanna súgacha glasa atá ar fáil faoi láthair. Is é is cúis leis na difríochtaí sin an deighilt ghéiniteach mhór idir an speiceas *Asparagus officinalis* L. agus *Asparagus maritimus* Mill. Tá dlúthbhaint ag an dara ceann sin le 'Espárrago de Huétor-Tájar'.

5.3. *An t-aicmiú agus na caighdeáin tráchtála a thabhairt cothrom le dáta le haghaidh na dtáirgí a chumhdaítear le TGFC 'Espárrago de Huétor-Tájar'. Roinn B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE*

Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht ón 11ú mír de Roinn **B) TUAIRISC AR AN TÁIRGE.** Baineann sé le faisnéis theicniúil a thabhairt cothrom le dáta faoi aicmiú táirgí a chumhdaítear leis an TGFC agus a dhíoltar úr nó i gcannaí. Is amhlaidh atá toisc gur tugadh cleachtais tráchtála, nósanna imeachta cigireachta agus measúnú comhlíontachta na dtáirgí deimhnithe cothrom le dáta.

Tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe agus ar an gcúis atá leis an leasú

Tugadh struchtúr na foroinne agus foclaíocht mhír 11 cothrom le dáta:

*Is féidir an lus súgach a dhíol úr nó i gcannaí. Nuair a dhíoltar úr é, ní mór gais na lusanna súgacha a bheith slán, agus cuma úr agus boladh úr orthu, ní mór iad a bheith sláintiúil, neamhbhrúite, saor ó dhamáiste de bharr lotnaidí, agus saor ó thaise sheachtrach nach n-eascraíonn as na gais a thaisriú sula gcuirtear sa phacáistíocht iad. An lus súgach… agus corcra.*

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an mhéid thuas:

*B.3. - Caighdeáin le haghaidh táirgí a dhíoltar úr nó stánaithe*

*Is féidir an lus súgach a dhíol úr nó i gcannaí.*

*Táirgí atá le díol úr*

*Tá na méideanna agus na haicmí ar a dtugtar tuairisc thíos le húsáid chun lusanna súgacha a dhíol úr, ní mór cuma agus boladh úr a bheith orthu, ní mór iad a bheith folláin, neamhbhrúite, gan bhriseadh, saor ó dhamáiste ó lotnaidí, lobhadh nó meathlú, glan agus saor ó thaise seachtrach neamhghnách nuair a chuirtear i láthair in aon cheann de na foirmeacha atá leagtha síos le haghaidh táirgí úra iad. An lus súgach… agus corcra.*

Leasaíodh foclaíocht an 14ú mír 14(a) 'Aicme "Breise"':

(a) *Aicme 'Breise': Lusanna súgacha san aicme seo… 'spoir' bheaga faoi na brachtanna. Ba chóir an rinnbhachlóg a bheith dúnta, cé go gceadaítear roinnt cleitithe éadroim… ní ghobann na bachlóga bláthacha amach ó na duillí gainniúla. San aicme seo, ní mór blas an adhmaid ag bonn an ghais a bheith teoranta do líon nach mó é ná an cheathrú cuid d'fhad iomlán ghas an lusa shúgaigh.*

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an mhéid thuas:

(a) *'Breise': Lusanna súgacha san aicme seo… 'spoir' bheaga faoi na brachtanna. D'fhéadfadh línte laga a bheith le feiceáil ar an gcraiceann ó am go chéile. Ba chóir an rinnbhachlóg a bheith dúnta, cé go gceadaítear roinnt cleitithe éadroim… níl na bachlóga bláthacha ná na bachlóga ascailleacha le feiceáil ach ar dhuillí gainniúla bharr an lusa shúgaigh. Ní mór an gearradh ag bonn na bpéacán a bheith díreach, mar chruthúnas ar chaighdeánú.*

Leasaíodh foclaíocht mhír 15(b) 'Aicme "I"':

(b) *Aicme I: Aicme-I gais lusa shúgaigh... aicme 'Breise',... ní ghobann na bachlóga bláthacha thíos faoi na duillí gainniúla, agus ceadaítear blas an adhmaid ag bun an ghais suas le haon trian d'fhad iomlán ghas an lusa shúgaigh.*

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an mhéid thuas:

(b) *'I': Gais lusa shúgaigh san aicme seo... 'Breise'... ní ghobann na bachlóga bláthacha ná na bachlóga ascailleacha faoi bhun dhuillí gainniúla bharr an lusa shúgaigh. Ní mór an gearradh ag bonn na bpéacán a bheith díreach, ach glacfar le gearradh díreach a dhéantar ar bharr gearradh trasnánach le linn na buainte, mar chruthúnas ar chaighdeánú. Ceadaítear bun bán ag bun an ghais san aicme seo ar choinníoll nach mó é ná an t-ochtú cuid d'fhad iomlán ghas an lusa shúgaigh.*

Tugtar tuairisc níos cruinne ar mhéid ceadaithe cleitithe an bhairr, lena mbunaítear difríocht níos soiléire idir na ceanglais le haghaidh an dá aicme. Sriosadh tagairtí do 'blas an adhmaid ag bun ghas an lusa shúgaigh' i gcás an dá aicme mar gheall ar an deacracht theicniúil a bhaineann le comhlíonadh na gceanglas sin a sheiceáil. Tugadh ceanglas níos oibiachtúla agus níos intomhaiste isteach ina ionad: bun bán ag bun an ghais.

Leasaíodh foclaíocht mhíreanna 17 go 19 a bhaineann le '**Méideanna**':

(a) *Ní mór gais na lusanna súgacha a bheith idir 20 cm agus 27 cm ar fad. Is é 5 cm an uaséagsúlacht faid a cheadaítear laistigh de bheart aonair.*

(b) *Is é 4 mm an trastomhas íosta i gcás an dá aicme. Tá dhá chatagóir trastomhas ann: 4-10 mm, agus 10 mm agus níos mó.*

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an mhéid thuas:

*Is é seo a leanas na méideanna de réir faid:*

(a) *'Lus súgach', 'lus súgach iomlán' nó 'lus súgach fada': Ní mór na gais a bheith idir 17 cm agus 27 cm ar fad. Is é 5 cm an uaséagsúlacht faid a cheadaítear laistigh de bheart aonair.*

(b) *'Lus súgach gearr': Ní mór na gais a bheith idir 12 cm agus 17 cm ar fad. Is é 4 cm an uaséagsúlacht faid a cheadaítear laistigh de bheart nó pacáiste aonair.*

(c) *'Barra lusa shúgaigh': Ní mór na gais a bheith idir 7 cm agus 12 cm ar fad. Is é 4 cm an uaséagsúlacht faid a cheadaítear laistigh de bheart nó pacáiste aonair.*

(d) *'Píosaí lusa shúgaigh': Gais lusa shúgaigh a ghearrtar go trasnánach i bpíosaí boga atá 2-7 cm ar fad.*

*Táirgí a chuirtear i láthair in aon cheann de na formáidí faid sin, ní mór iad a fháil ó 'lus súgach iomlán' nó 'lus súgach fada' a grádaíodh ar dtús mar 'Breise' nó 'I'.*

*Is é seo a leanas na méideanna de réir trastomhais:*

*Is é 4 mm an trastomhas íosta i gcás an dá chatagóir. Ní fhéadfaidh an difríocht trastomhais idir na gais is tibhe agus na gais is tanaí i bpacáiste nó beart aonair a bheith níos mó ná 8 mm.*

Leasaíodh foclaíocht mhíreanna 21 go 23, a bhaineann le '**Lamháltais**':

*Féadfaidh méid áirithe táirgí nach gcomhlíonann ceanglais cháilíochta agus mhéide na haicme atá i gceist a bheith i ngach pacáiste, agus na teorainneacha lamháltais a leagtar síos thíos á gcomhlíonadh.*

(a) ***Lamháltais cháilíochta**: Féadfaidh suas le 5 %, de réir lín nó meáchain, den táirge a bheith i bpacáistí lusa shúgaigh d'aicme 'Breise' nach gcomhlíonann ceanglais na haicme sin ach a chomhlíonann na ceanglais maidir le hAicme 'I' nó, i gcásanna eisceachtúla, a thagann faoi na lamháltais a leagtar amach le haghaidh Aicme 'I'. Féadfaidh suas le 10 %, de réir lín nó meáchain, de lus súgach' a bheith i bpacáistí lusa shúgaigh d'Aicme 'I' nach gcomhlíonann ceanglais na haicme sin ach a chomhlíonann na ceanglais maidir le táirgí d'Aicme 'II' a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 2377/1999 ón gCoimisiún an 9 Samhain 1999.*

(b) ***Lamháltais mhéide**: 10 %, de réir lín... ceanglais is infheidhme.*

Cuireadh an méid seo a leanas in ionad an mhéid thuas:

(a) *Lamháltais cháilíochta: Féadfaidh suas le 5 %, de réir lín nó meáchain, den táirge a bheith i bpacáistí lusa shúgaigh d'aicme 'Breise' nach gcomhlíonann ceanglais na haicme sin ach a chomhlíonann na ceanglais maidir le hAicme 'I' nó, i gcásanna eisceachtúla, a thagann faoi na lamháltais a leagtar amach le haghaidh Aicme 'I'. Féadfaidh suas le 10 %, de réir lín nó meáchain, de lus súgach nach gcomhlíonann ceanglais na haicme sin a bheith i bpacáistí lusa shúgaigh d'Aicme 'I'.*

(b) ***Lamháltais mhéide:** Suas le 10 %, de réir lín... ceanglais is infheidhme.*

Cuireadh míreanna nua isteach ina dtugtar tuairisc níos mionsonraithe ar chur i láthair an táirge deiridh:

*Féadfar an lus súgach a chur i láthair ar cheann amháin de dhá bhealach:*

(a) *I mbearta suas le 2 kg atá ceangailte go daingean;*

(b) *Scaoilte nó cuachta i bpacaí a chuirtear i bpacáistí nó i mboscaí atá suas le 6 kg.*

*Ní mór ábhair gach paca, bosca nó pacáiste nó gach birt a bheith aonfhoirmeach, le lus súgach den fhormáid, raonta méide (fad agus trastomhas), meáchan agus catagóir chéanna.*

Rinneadh na ceanglais méide (fad agus trastomhas araon), lamháltais cháilíochta agus rialacha maidir le cur i láthair táirgí a choigeartú chun iad a thabhairt i gcomhréir, go pointe áirithe, le rialacha idirnáisiúnta maidir le lusanna súgacha úra glasa a mhargú agus le cleachtais tráchtála sheanbhunaithe san Aontas Eorpach. Mar sin féin, tá na rialacha méide sin éagsúil leis an gcaighdeán idirnáisiúnta toisc gur pobal áitiúil lusa shúgaigh é 'Espárrago de Huétor-Tájar' a dhéanann níos mó éagsúlachta difear dó ná cineálacha tráchtála de lusanna súgacha glasa, ar de thionscnamh hibridí feabhsaithe de *Asparagus officinalis* L. iad agus, dá bhrí sin, atá níos aonchineálaí ó thaobh méide agus crutha de.

Ar deireadh, scriosadh mír 24, maidir le lus súgach stánaithe:

*Féadfaidh lus súgach stánaithe a bheith slán nó gearrtha i bpíosaí agus ní mór gur táirgí de chuid aicme 'Breise' nó aicme 'I' iad.*

Rinneadh an roinn i ndáil leis na rialacha maidir le lus súgach stánaithe a athscríobh.

Leagan nua:

*Táirgí atá le díol i gcannaí*

*Go traidisiúnta, leasaítear 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe i sáile (uisce, salann agus aigéad citreach) nó in ola olóige úríon. Féadfar leachtanna leasaitheacha eile a údaraítear lena n-úsáid i dtionscal an bhia a úsáid freisin.*

*Féadfar lus súgach stánaithe a chur i láthair ina iomláine nó i bpíosaí, grádaithe trí úsáid a bhaint as na haicmí cáilíochta 'Breise' agus 'I' a leagtar síos sa tsonraíocht táirge seo. Is iad seo a leanas na formáidí atá ar fáil lena ndíol:*

— *'Lus súgach' nó 'gais lusa shúgaigh': arb é atá ann an barr agus an gas agus atá 12 cm ar fad ar a laghad;*

— *'Lus súgach gearr': gais arb éard atá iontu an barr agus an gas agus atá idir 7 cm agus 12 cm ar fad;*

— *'Barra lusa shúgaigh': píosaí arb éard atá iontu an barr agus cuid den ghas agus atá idir 2 cm agus 7 cm ar fad;*

— *'Píosaí lusa shúgaigh': píosaí boga 2-7 cm ar fad, a gearradh go trasnánach, le barra arb éard atá iontu 25 % ar a laghad den mheáchan draenáilte.*

*Ní mór an lus súgach a aicmiú freisin bunaithe ar thrastomhas trasghearrtha den ghas, chun cuma aonfhoirmeach a thabhairt don táirge laistigh de na raonta seo a leanas:*

| *Ainm na catagóire trastomhais* | *Trastomhas in mm* |
|---|---|
| *Tanaí* | *faoi bhun 9* |
| *Meánach* | *9 go 11* |
| *Tiubh* | *11 go 14* |
| *An-tiubh* | *14 go 19* |
| *Rí-thiubh* | *os cionn 19* |

*Leis an tábla seo a leanas, leagtar síos an paraiméadar cáilíochta agus na lamháltais cheadaithe is infheidhme maidir le gach ceann den dá aicme:*

| *Paraiméadar cáilíochta* | *Aicme 'Breise'* | *Aicme 'I'* |
|---|---|---|
| *Cleitiú* | *Mar an gcéanna le lus súgach a dhíoltar úr* | *Mar an gcéanna le lus súgach a dhíoltar úr* |
| *Aonfhoirmeacht faid* | *1,10* | *1,15* |
| *Moirtiúlacht leachta leasaithigh, sáile (innéacs moirtiúlachta Kertesz) (*)* | *4* | *2* |
| *Lamháltas méide* | *5 %* | *10 %* |
| *Fabhtanna uigeachta* | *5 %* | *10 %* |
| *Fabhtanna eile* | *5 %* | *10 %* |

*(*) Níl feidhm ag an gceanglas moirtiúlachta i ndáil leis an leacht leasaitheach maidir le táirgí a leasaítear in ola olóige úríon.*

*Déantar meáchan draenáilte a chinneadh de réir an chineáil phacáistíochta a úsáidtear. Is é 0,50 an cóimheas idir meáchan draenáilte agus toirt (g go cm$^3$).*

*Chomh maith le ceanglais na reachtaíochta atá i bhfeidhm faoi láthair agus na sonraíochta táirge seo a chomhlíonadh, ní mór an meáchan draenáilte, toilleadh an phacáiste, méid ghas an lusa shúgaigh agus neas-líon na ngas atá le fáil i ngach paca a lua ar an lipéad freisin (ní bhaineann sé seo leis an bhformáid 'píosaí lusa shúgaigh').*

Ní raibh na caighdeáin le haghaidh 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe sa tsonraíocht táirge roimhe seo toisc gur measadh gur cheart go gcomhlíonfadh an táirge an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme maidir le lus súgach stánaithe agus an méid sin amháin. Mar sin féin, tá feidhm ag an reachtaíocht sin maidir le táirgí ón speiceas *Asparagus officinalis* L. agus, mar atá léirithe againn, ní bhaineann an 'Espárrago de Huétor-Tájar' leis an speiceas luibheolaíoch sin ach is hibrid (*Asparagus maritimus* Mill. x *Asparagus officinalis* L.) é nach gcumhdaítear leis an dlí náisiúnta maidir le lus súgach stánaithe, mar sin bhí gá le rialacha nua. Leagtar síos sa téacs sa tsonraíocht táirge na leachtanna leasaitheacha údaraithe, agus meastar sáile (uisce, salann agus aigéad citreach) agus ola olóige úríon a bheith traidisiúnta, rud a fhágann gur féidir leachtanna leasaitheacha eile a úsáid a d'fhéadfaí a mheas a bheith oiriúnach amach anseo, ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe lena n-úsáid i dtionscal an bhia. Leagtar paraiméadair cháilíochta síos le haghaidh gach aicme agus leachta leasaithigh, trí úsáid a bhaint as na hainmneacha aicme céanna leis an táirge úr.

5.4. *Ainm ceann de bhardais an limistéir táirgthe a thabhairt cothrom le dáta. Roinn C) LIMISTÉAR GEOGRAFACH*

Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht táirge ag deireadh na chéad mhíre de Roinn **C) LIMISTÉAR GEOGRAFACH.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Athraíodh 'Villanueva de Mesías' go 'Villanueva Mesía'.

Is éard atá sa leasú ainm ceann de na bardais i limistéar táirgthe TGFC 'Espárrago de Huétor-Tájar' a athrú, rud atá deimhnithe ag an údarás náisiúnta inniúil.

5.5. *An fhoclaíocht san fhoroinn 'Tionscnamh síl' a thabhairt cothrom le dáta chun tuairisc níos cruinne a thabhairt ar an gcóras táirgthe síl, agus freagrachtaí cigireachta an Bhoird Rialála a thabhairt cothrom le dáta. Roinn D) Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa dá mhír den fhoroinn 'Tionscnamh síl' de Roinn **D) Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad D.1 ar cheannteideal na foroinne 'Tionscnamh síl'.

Rinneadh athbhreithniú ar fhoclaíocht na roinne '**Tionscnamh síl**', lena sainmhínítear ar bhealach níos fearr saothar póraitheoirí síolta agus lena n-áirítear an ceanglas go liostófar iad ar Chlár na gCeapach Soláthraí Síolta agus Ceapacha Síl chomh maith leis na ceanglais maidir le comhlíonadh agus rialú a bhfuil siad faoina réir. Baineadh an tagairt don Bhord Rialála a bheith freagrach as faireachán a dhéanamh ar roghnú agus ar iomadú ábhair plandaí, ós rud é go bhfuil an comhlacht a sheiceálann comhlíonadh na sonraíochta táirge freagrach as sin. Ní hé sin an ról atá ag an mBord Rialála é, a ghníomhaíonn mar chomhlacht bainistíochta le haghaidh an TGFC.

5.6. *An fhoclaíocht san fhoroinn 'Saintréithe an táirge' a thabhairt cothrom le dáta. Roinn D) Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'Saintréithe an táirge' de Roinn **D) Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad D.2. ar cheannteideal na foroinne 'Saintréithe an táirge'.

Sa roinn '**Saintréithe an táirge**', baineadh an fhoclaíocht 'cineál dúchasach an ábhair plandaí (saothróg nó cineál)' agus cuireadh 'cineál dúchasach an ábhair plandaí (cineál áitiúil)' ina ionad. Rinneadh an leasú sin toisc nach saothróg (nó cineál) iarbhír é 'Espárrago de Huétor-Tájar', ach gur pobal lusa shúgaigh de bhunadh áitiúil é.

Baineadh an méid seo a leanas freisin: '... dálaí fáis agus, i gcás lus súgach stánaithe, dálaí próiseála'. Cuireadh '... dálaí fáis, láimhseála agus próiseála' ina ionad. Rinneadh an t-athrú sin toisc gur cheart go gcumhdófaí leis an téacs láimhseáil lusa shúgaigh úir agus an próiseas cannadóireachta tionsclaíoch araon.

5.7. *An fhoclaíocht san fhoroinn 'Seiceálacha agus deimhniúchán' a thabhairt cothrom le dáta. Roinn D) Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'Seiceálacha agus deimhniúchán' de Roinn '**D) Cruthúnas gur de thionscnamh an limistéir an táirge**'.

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Baineann an leasú le foclaíocht na foroinne sin a thabhairt cothrom le dáta. Tar éis 20 bliain, tá roinnt mhaith coincheap imithe i léig nach mór a cheartú i míreanna éagsúla.

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad D.3 ar cheannteideal na foroinne 'Seiceálacha agus deimhniúchán'.

Rinneadh athbhreithniú ar mhír (a) chun tuairisc níos mionsonraithe a thabhairt ar na bealaí éagsúla chun ábhar plandaí a iomadú (síolú díreach, síológa agus corónacha a chur, agus gearrthóga ó mháthairphlandaí). Is léir anois nach mór ceapaí soláthraí síolta a bheith suite laistigh den limistéar táirgthe, ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir an próiseas iomlán síolraithe síolta agus an tionscnamh.

Rinneadh athbhreithniú ar mhír (b) agus tugtar tuairisc níos cruinne anois ar na rialuithe is infheidhme maidir le roghnú géinitíopaí na lusanna súgacha le haghaidh atáirgeadh plandaí. Ní raibh an méid sin sa leagan den tsonraíocht táirge roimhe seo. Níl an Bord Rialála freagrach rialuithe a thuilleadh.

I mír (c), cuireadh '...agus aon reachtaíocht is infheidhme' in ionad an fhrása '...agus aon reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht de chuid an Aontais is infheidhme'.

Tugadh foclaíocht mhír (d) mar a bhí roimhe seo cothrom le dáta agus anois tá sí ina cuid den mhír (d) nua, lena gcumhdaítear na seiceálacha uile ar phróiseas táirgthe agus díolacháin ábhar plandaí.

Rinneadh mír (e) – atá ina mír (d) anois – a thabhairt cothrom le dáta trí fhaisnéis atá imithe i léig agus atá neamhréireach a bhaint amhail rannpháirtíocht chomhlacht bainistíochta an TGFC (an Bord Rialála) i rialuithe agus tagairt do phacáistiú síolta (nach raibh sa leagan roimhe seo) a chur isteach taobh le pórú agus margú síolta. Anois, tagraíonn an téacs do 'dhoiciméad tacaíochta' freisin nach mór a sholáthar in éineacht le hábhar plandaí chun inrianaitheacht a áirithiú ó cheapaí plandaí a sholáthraíonn síolta atá suite sa limistéar táirgthe.

Méadaíodh mír (f) – atá ina mír (e) anois. Luaitear inti anois 'Clár na gCeapach Lusa Shúgaigh', inar gá feirmeacha lusa shúgaigh a liostú, agus cuireann sí in iúl go soiléir nach mór an t-ábhar plandaí lusa shúgaigh a bheith ina ábhar rialaithe den chineál áitiúil ó mháthaircheapaí a sholáthraíonn síolta.

Tugadh mír (f) nua isteach. Leagtar síos inti seiceálacha nua atá le déanamh nuair a sheachadtar an lus súgach ó fheirmeacha chuig monarchana láimhseála táirgí úra agus monarchana cannadóireachta.

Tugadh mír (g) cothrom le dáta, is é sin gur scriosadh faisnéis atá imithe i léig agus atá neamhréireach agus gur cuireadh an frása '*...ní mór gurb iad na cleachtais a bhunaítear sa tsonraíocht táirge, agus déanfar faireachán ar chleachtais...*' a chur in ionad an fhrása '*...ní mór gurb iad na cleachtais a bhunaítear sa Rialachán nó a mhol an Bord Rialála agus déanfar faireachán ar chleachtais...*'.

Tugadh an fhoclaíocht i Roinn (i) cothrom le dáta. Maidir leis na focail *Ní mór na táirgí a stóráil i lárionaid mhargaíochta táirgí úra nó i monarchana cannadóireachta cláraithe atá suite laistigh den limistéar táirgthe*, cuireadh an méid seo a leanas ina n-ionad: *Ní mór na táirgí a stóráil i monarchana láimhseála táirgí úra nó i monarchana cannadóireachta cláraithe atá suite laistigh den limistéar táirgthe agus a liostaítear ar Chlár na nDíoltóirí Táirgí Úir nó ar Chlár na Monarchana Cannadóireachta, faoi seach*.

Tugadh mír (j) cothrom le dáta, is é sin gur scriosadh faisnéis atá imithe i léig agus atá neamhréireach. Baineadh an méid seo a leanas: *Déanfaidh an Bord Rialála faireachán ar láimhseáil, pacáistiú, cur i láthair, ullmhú, seoladh agus iompar lusanna súgacha agus féadfaidh sé rialacha sonracha a leagan síos le haghaidh gach buainte bliantúla*. Is mar a leanas atá sí anois: *Déanfar faireachán ar láimhseáil, pacáistiú, cur i láthair, ullmhú, lipéadú agus seoladh lusanna súgacha agus ní mór an méid sin a dhéanamh laistigh den limistéar táirgthe*. Baineadh an t-iompar toisc go dtagann deireadh leis an bpróiseas deimhniúcháin ag an áit tionscnaimh nuair a sheoltar an táirge. Ní iompraítear an táirge deiridh riamh idir oibreoirí laistigh den limistéar táirgthe. Scriosadh seiceálacha a d'fhéadfadh an Bord Rialála a dhéanamh, ós rud é gurb í príomhfhreagracht atá ar an mBord Rialála feidhmiú mar chomhlacht bainistíochta le haghaidh an TGFC.

Scriosadh mír (k), ina raibh '*Ní mór tástáil fhisiceach agus cheimiceach agus tástáil chéadfach a dhéanamh ar tháirgí úra agus stánaithe araon (chun a sheiceáil an bhfuil aon iarmhar agus níotráit táirgí cosanta plandaí iontu)*'. Is seiceálacha sainordaitheacha iad an tástáil le haghaidh iarmhair táirgí cosanta plandaí agus níotráití sna lusanna súgacha. Is cuid de reachtaíocht níos leithne iad, agus níl aon cheanglas breise ann chun iad a bheith i sonraíocht táirge an TGFC seo. Cumhdaítear anailísí orgánaileipteacha le foclaíocht mhír (k) nua.

Ar deireadh, tugadh mír (l) cothrom le dáta agus tá sí ina mír (k) anois. Anuas ar na seiceálacha atá le déanamh le linn an phróisis ar fad, luaitear inti anois go bhfuil an táirge deiridh faoi réir seiceálacha comhlíontachta le Roinn B.3 freisin. Scriosadh an tagairt don chomhlacht bainistíochta (an Bord Rialála) freisin.

5.8. *Foclaíocht na foroinne 'An síol a roghnú agus an cheapach síl a phlandú' a thabhairt cothrom le dáta, an fhaisnéis a shoiléiriú agus a mhéadú. Roinn E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'An síol a roghnú agus an cheapach síl a phlandú', i Roinn **E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Baineann an leasú le foclaíocht na foroinne sin a thabhairt cothrom le dáta. Tar éis 20 bliain, tá roinnt mhaith cleachtas fáis agus seiceála a dteastaíonn soiléiriú breise nó tuilleadh faisnéise ina dtaobh.

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad E.1 ar cheannteideal na foroinne 'An síol a roghnú agus an cheapach síl a phlandú'.

Rinneadh **Foroinn E.1. (An síol a roghnú agus an cheapach síl a phlandú)** a athbhreithniú agus a mhéadú. Ós rud é go bhfuil an próiseas chun ábhar dúchasach plandaí a fháil an-tábhachtach le haghaidh an TGFC, feabhsaíodh agus méadaíodh an fhaisnéis theicniúil san fhoroinn seo – maidir le máthairshíológa a roghnú, pailniú, síológa toirchithe a ullmhú sa samhradh agus síolta a bhuain ó na plandaí roghnaithe san fhómhar.

Tá gá le méid áirithe aonfhoirmeachta (critéir roghnúcháin) a bheith ag na plandaí lusa shúgaigh (fireann agus baineann) a roghnaítear ar dháileacht ar leith. Ní mór cruth maith a bheith orthu, ní mór iad a bheith bríomhar agus scoite amach ó phlandaí lusa shúgaigh eile nár roghnaíodh atá ag an gcéim bhláthaithe chéanna chun pailniú neamhrialaithe a chosc. Tugtar tuairisc sa téacs nua ar an bpróiseas chun na máthairphlandaí a scoitheadh amach agus ar úsáid pailniú oscailte ar na dáileachtaí lusa shúgaigh iad féin nó pailniú bainistithe a bhaineann úsáid as pailin a bhuantar as lusanna súgacha fireanna roghnaithe, agus plandaí baineanna a chosaint le heangacha frith-fheithidí.

Tugtar tuairisc sa téacs anois ar an bpróiseas chun síolta a bhailiú agus a ullmhú. Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis maidir le ceapaí síl a chur, lenar baineadh na dátaí curaíochta, an fad ama a fhanann na plandaí sa cheapach síl agus an ceanglas maidir le tuairisciú don chomhlacht bainistíochta an TGFC. Is é an toradh atá ar theicnící atá ann faoi láthair a úsáidtear chun síolta a phórú i gceapaí síl faoi dhálaí tí gloine plandaí níos sláintiúla agus níos aonfhoirmí, mar sin is féidir síológa lusa shúgaigh a fháil lasmuigh de na dátaí ar a raibh siad ar fáil go traidisiúnta.

Ar deireadh, luaitear sa leagan nua nach mór ceapaí a roghnaítear chun síolta a phórú a bheith liostaithe i gClár na gCeapach Soláthraí Síolta agus Ceapacha Síl.

5.9. *Foclaíocht na foroinne 'An barr lusanna súgacha a chur' a thabhairt cothrom le dáta, leaganacha nua a chur in ionad tagairtí atá imithe i léig agus an fhaisnéis a mhéadú. Roinn E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'An barr lusanna súgacha a chur', i Roinn **E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Baineann an leasú le foclaíocht na foroinne sin a thabhairt cothrom le dáta. Tar éis 20 bliain, tá roinnt mhaith cleachtas fáis agus seiceála a dteastaíonn soiléiriú breise nó tuilleadh faisnéise ina dtaobh.

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad E2 ar cheannteideal na foroinne '**An barr lusanna súgacha a chur**'.

Rinneadh athbhreithniú ar an bhforoinn sin agus rinneadh níos cruinne í. Anois, tugtar mionsonraí faoi na cleachtais thraidisiúnta éagsúla plandaithe a leantar ar fheirmeacha lusanna súgacha Huétor-Tájar: corónacha (plandaí) a chur, síolta a chur go díreach isteach sa talamh, nó síológa a fásadh i dtithe gloine a chur. Tá raon na ndátaí plandaithe níos leithne anois ná mar a bhí faoin leagan den tsonraíocht táirge roimhe seo, nach ndearnadh foráil inti ach maidir le corónacha a chur. Féadfar corónacha a chur ón ngeimhreadh go dtí an t-earrach déanach, agus féadfar síolta a chur nó síológa a phlandú le linn thréimhse an earraigh agus an tsamhraidh.

Ní luaitear an méid seo a leanas sa téacs a thuilleadh: 'Déantar staidéar réamhphlandaithe ar an ithir chun a mheas cé chomh hoiriúnach is atá an ithir chun lusanna súgacha a fhás agus chun a ríomh cé acu is gá nó nach gá a cion mianrach nó a hábhar orgánach a choigeartú'. Is moladh é sin maidir le cleachtais fáis agus ní ceanglas é gur gá a chur i sonraíocht táirge. Is amhlaidh atá toisc gur léiríodh gur féidir lus súgach a fhás in aon cheann de na cineálacha ithreach a fhaightear i limistéar táirgthe Huétor-Tájar, agus nach bhfágtar aon chineál ithreach as an áireamh.

Sonraítear sa leagan nua an nós imeachta maidir le síolta a chur go díreach isteach sa talamh, rud nár cumhdaíodh sa tsonraíocht táirge roimhe seo. Athraíodh an frása '...agus clúdaithe le sraith thanaí d'ithir scaoilte' go '...agus clúdaithe le sraith ithreach'. Scriosadh an frása seo a leanas: *Ní mór an choróin a fhágáil chun fás ar feadh bliain amháin go 2 bhliain, ag brath ar cháilíocht na hithreach, ionas gur féidir leis na riosóim bachlóga inmharthana a tháirgeadh atá in ann gais lusa shúgaigh ar ardchaighdeán a tháirgeadh.* Tá an cleachtas corónacha a fhágáil chun fás ar feadh 2 bhliain imithe i léig agus níl sé fíor-riachtanach ar mhaithe le cáilíocht na bplandaí. Leantaí an cleachtas sin, nach n-úsáidtear a thuilleadh, mar gheall ar dhrochphéacadh síolta san ithir, easpa teicnící uiscithe leasaithigh agus ráta mall fáis an ábhair plandaí dúchasacha Huétor-Tájar, nach bhfuil chomh bríomhar céanna le cineálacha eile lusanna súgacha glasa, a raibh gá le timthriall fáis corónacha 2 bhliain ina leith uile. Le córais nua-aimseartha a úsáidtear chun corónacha a tháirgeadh – agus go háirithe síológa 'treisithe' i dtithe gloine – tá níos lú ná bliain amháin de dhíth ar chorónacha anois agus idir 3 mhí agus 4 mhí ar shíológa.

Ar deireadh, tugadh faisnéis sa mhír dheireanach a bhí imithe i léig cothrom le dáta. In ionad 'Chun go gcumhdófar táirgí leis an Ainmniúchán, ní mór an cheapach lusa shúgaigh óna dtagann siad a bheith liostaithe leis an mBord Rialála sa gheimhreadh roimh a gcéad bhuaint', is é seo a leanas an abairt mar atá sí anois: 'Chun go gcumhdófar táirgí leis an TGFC, ní mór an cheapach lusa shúgaigh óna dtagann siad a bheith liostaithe i gClár na gCeapach Lusa Shúgaigh roimh a gcéad bhuaint'. Seachas a lua nach mór clárú a dhéanamh sa gheimhreadh, tá sé níos cruinne a lua nach mór é a bheith roimh an mbuaint, ós rud é go dtarlaíonn sé uaireanta go gcuirtear tús le buaint na lusanna súgacha go déanach i mí Eanáir nó go luath i mí Feabhra i mblianta níos teo.

5.10. *An fhoclaíocht san fhoroinn 'An lus súgach a fhás' a thabhairt cothrom le dáta, leaganacha nua a chur in ionad tagairtí atá imithe i léig, an fhaisnéis a shoiléiriú agus a mhéadú. Roinn E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'An lus súgach a fhás', i Roinn **E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Baineann an leasú le foclaíocht na foroinne seo a thabhairt cothrom le dáta, is é sin moltaí maidir le fás a bhaint nach bhfuil i measc na ngnéithe atá le rialú i sonraíocht táirge, nó atá ina gcuid de reachtaíocht níos leithne. Tugadh faisnéis níos mionsonraithe faoi chleachtais fáis agus seiceála freisin de réir mar ba ghá.

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad E.3 ar cheannteideal na foroinne '**An lus súgach a fhás**'.

Rinneadh athbhreithniú ar an gcuid is mó den fhoroinn seo. Tugadh an fhaisnéis as dáta sa chéad mhír cothrom le dáta. Mar gheall ar theicnící nua-aimseartha i dtaobh úsáid leasacháin agus uisciú, is féidir go bhforbróidh ceapaí óga lusanna súgacha go foirfe i gcaitheamh thimthriall fáis aon bhliana agus dá bhrí sin is féidir iad a bhuain an chéad bhliain eile, mar sin ní gá moill a chur ar an mbuaint go dtí an tríú bliain tar éis iad a chur.

Baineadh go hiomlán an tuairisc ar 'chleachtais fáis i rith na bliana' a bhí leagan den tsonraíocht táirge roimhe seo (ullmhú ithreach réamhphlandaithe, bonnleasú agus barrleasú, cóireálacha cosanta plandaí a úsáid roimh agus tar éis na buainte, uisciú, curaíocht agus bearradh na ngas san fhómhar). Meastar gur moltaí iad cuid de na cleachtais saothraithe sin, agus cumhdaítear cleachtais eile le reachtaíocht níos ginearálta, agus dá bhrí sin ní mheastar gur ceanglais saothraithe fhíor-riachtanacha iad is gá a bheith sa tsonraíocht táirge. Mar sin féin, tá dhá chleachtas saothraithe ann a bhaineann go sonrach leis an limistéar 'Espárrago de Huétor-Tájar', atá cinntitheach maidir le cáilíocht an táirge, agus is cuid den traidisiún iad lusanna súgacha a fhás sa chuid seo de chúige Granada (atá bainteach leis an toisc dhaonna), is é sin:

— An patrún plandaithe sonrach a úsáidtear agus barr lusanna súgacha á bhunú agus á fhorbairt, lena bhfágtar 1,4-1,6 m idir sraitheanna agus 50-70 cm idir plandaí.

— An cleachtas mar atá an cheapach lusa shúgaigh a lánú de réir a chéile le linn a shaolré.

5.11. *Foclaíocht na foroinne 'Lus súgach a bhuain, a iompar agus a sheachadadh ar mhonarchana táirgí úra' a thabhairt cothrom le dáta, leaganacha nua a chur in ionad tagairtí atá imithe i léig, cleachtais a thabhairt cothrom le dáta agus a shoiléiriú, agus ceanglais nua a leagan síos a mbeidh tionchar cinntitheach acu ar cháilíocht an táirge. Roinn E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'Lus súgach a bhuain, a iompar agus a sheachadadh ar mhonarchana táirgí úra', i Roinn **E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Is é cuspóir an leasaithe an fhaisnéis san fhoroinn seo a thabhairt cothrom le dáta trí fhaisnéis a thabhairt faoi na cleachtais láimhseála le haghaidh an amhábhair sa ghort, agus conas a dhéantar é a iompar agus a sheachadadh ar mhonarchana táirgí úra.

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad E.4 ar cheannteideal na foroinne sin.

Athbhreithníodh cuid de na míreanna den fhoroinn sin.

Sa chéad mhír, in ionad '*Tosaítear an bhuaint sa dara nó sa tríú bliain tar éis plandú, a mhaireann 15 nó 30 lá, agus ón tríú bliain ar aghaidh maireann sé an séasúr ar fad, ó thús mhí an Mhárta go lár mhí an Mheithimh*', is mar a leanas atá sí anois:

*'Féadfar an barr a bhuain ón mbliain tar éis é a chur. Braitheann dátaí tosaigh agus deiridh na buainte gach bliain ar dhálaí aimsire, agus is iondúil go dtarlaíonn sí ó thús mhí an Mhárta go lár mhí an Mheithimh.'*

Ar na cúiseanna céanna a tugadh maidir leis an leasú roimhe seo i bpointe 5.10 (teicnící nua-aimseartha i dtaobh úsáid leasacháin agus uisciú), is leordhóthanach timthriall fáis aon bhliana le haghaidh ceapaí óga lusanna súgacha chun riocht inbhuainte foirfe a bhaint amach faoin séasúr buainte ina dhiaidh sin. Ní gá fanacht ar feadh 2 nó 3 bliana tar éis cuir.

Thairis sin, rinneadh athbhreithniú ar an abairt seo a leanas, a bhí imithe i léig agus neamhréireach faoi scéim TGFCanna atá ann faoi láthair: *Ní mór modhanna oiriúnacha a úsáid chun an lus súgach buainte a iompar chuig lárionaid phróiseála, agus na rialacha arna leagan síos ag an mBord Rialála le haghaidh bhuaint na bliana sin á gcomhlíonadh*. Is mar a leanas atá sí anois: *Ní mór modhanna oiriúnacha a úsáid chun an lus súgach buainte a iompar chuig lárionaid phróiseála, ag féachaint chuige nach mbrisfear barra na lusanna súgacha ná nach ligfear do na gais triomú amach ag aon phointe roimh an seachadadh.*

Tugadh an chéad mhír eile cothrom le dáta freisin. Ba é seo a leanas an téacs mar a bhí: *A luaithe a sheachadtar an lus súgach ar mhonarchana láimhseála táirgí úra nó ar mhonarchana cannadóireachta, ní mór é a fhuarú. Féadfar é a chur i dtráidirí ina bhfuil uisce chun bun na ngas a fhliuchadh, rud lena gcoimeádtar úr agus ramhar iad. Ní mór an lus súgach a chóiriú laistigh de 24 uair an chloig tar éis a bhuainte.* Is é seo a leanas an téacs nua: *A luaithe a sheachadtar an lus súgach ar mhonarchana láimhseála táirgí úra nó ar mhonarchana cannadóireachta, cuirfear é i dtráidirí ina bhfuil uisce chun bun na ngas a choimeád tais agus a stóráil i hidreafhuaraitheoirí nó i gcuisneoirí chun é a choimeád fionnuar agus ramhar go dtí go bpróiseálfar é. Ní mór an lus súgach a phacáistiú laistigh de 24 uair an chloig tar éis a sheachadta. Ní mór é a phróiseáil laistigh de 72 uair an chloig tar éis a sheachadta.*

Tugadh isteach dhá chineál eile de chóireáil thionsclaíoch lusa shúgaigh tar éis a sheachadta: hidreafhuarú agus cuisniú. Thairis sin, chun seiceálacha agus deimhniúchán a éascú, sonraítear anois nach mór an lus súgach a chóiriú laistigh de 24 uair an chloig tar éis a sheachadta, seachas tar éis a bhuainte. Is éasca an t-am cruinn a sheachadtar an lus súgach a sheiceáil, ós rud é go ndéantar é a thaifeadadh go leictreonach mar aon le meáchan na mbaisceanna seachadta agus an fhaisnéis inrianaitheachta. Tá sé an-deacair am cruinn na buainte a fhíorú. Tugadh ceanglas breise isteach freisin: ní mór an lus súgach a phróiseáil laistigh de 72 uair an chloig tar éis a sheachadta.

Cuireadh mír nua isteach, ina liostaítear na féinseiceálacha atá le déanamh ar an amhábhar tar éis a sheachadta ar mhonarchana láimhseála táirgí úra nó ar mhonarchana cannadóireachta. Maidir le gach gné den amhábhar atá le measúnú (lena ndeimhnítear gur den chineál dúchasach é an lus súgach ar bhonn na nithe seo a leanas: a chuma agus a thréithe orgánaileipteacha, fad uasta agus íosta a ghas, méid an bhuin bháin ag bun an ghais, agus trína sheiceáil an bhfuil aon locht cleitithe, ithreach nó cuma ann), tugtar tuairisc mhionsonraithe ar na seiceálacha agus ar na ceanglais, leis na raonta agus na lamháltais lochta a cheadaítear. Tugadh isteach an beart rialaithe sin toisc go bhfuil sé ina phríomhchéim chun cáilíocht an táirge deiridh (lus súgach úr agus stánaithe) a ráthú.

Scriosadh an mhír dheireanach – 'Chun cáilíocht an táirge a ráthú, socraíonn an Bord Rialála an dáta deiridh le haghaidh gach buainte'. Tá an coincheap sin maidir le bainistiú cáilíochta imithe i léig agus tá sé ar neamhréir leis an struchtúr deimhniúcháin a bhíonn i sonraíochtaí táirge TGFC faoi láthair.

Ar deireadh, cuireadh isteach mír maidir le ceanglais rialaithe fhoriomlána ag na céimeanna sin den phróiseas ag an deireadh: *Ní mór seiceálacha a bheith i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar bhuaint, iompar agus seachadadh na lusanna súgacha ar mhonarchana láimhseála nó cannadóireachta táirgí úra cláraithe.*

5.12. *Foclaíocht na foroinne 'Ullmhúchán agus próiseáil an lusa shúgaigh' a thabhairt cothrom le dáta, leaganacha nua a chur in ionad tagairtí atá imithe i léig, cleachtais a thabhairt cothrom le dáta agus a shoiléiriú, agus ceanglais nua a leagan síos a mbeidh tionchar cinntitheach acu ar cháilíocht an táirge. Roinn E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE*

Baineann an leasú seo leis an tsonraíocht táirge, sa mhír den fhoroinn 'Ullmhúchán agus próiseáil an lusa shúgaigh', i Roinn **E) AN CHAOI A bhFAIGHTEAR AN TÁIRGE.**

Tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe agus ar an gcúis atá leis an leasú

Baineann an leasú le foclaíocht na foroinne 'Ullmhúchán agus próiseáil an lusa shúgaigh' a thabhairt cothrom le dáta, cleachtais a thabhairt cothrom le dáta agus a shoiléiriú tar éis 20 bliain. Thairis sin, leagadh síos ceanglais nua a bhfuil tionchar cinntitheach acu ar cháilíocht an táirge.

Chun feabhas a chur ar struchtúr na sonraíochta táirge, cuireadh lipéad E.5 ar cheannteideal na foroinne. Leasaíodh cuid den teideal, agus athraíodh '**Ullmhúchán agus próiseáil an lusa shúgaigh**' go dtí an méid seo a leanas: '**E.5. Láimhseáil agus próiseáil an lusa shúgaigh**'.

Cuireadh *manipulación* ('láimhseáil') in ionad an téarma *elaboración* ('ullmhúchán') sa chéad mhír (ceannteideal na roinne). Is téarma níos beaichte é i gcomhthéacs láimhseála glasraí úra. Tugadh próisis thionsclaíocha áirithe, ar cuireadh síos orthu roimhe seo mar phróisis láimhe, cothrom le dáta chun féidearthacht an uathoibrithe a chumhdach freisin. Méadaíodh an fhoclaíocht '... sórtáilte de láimh ar chriosanna iompair' is é sin gur mar a leanas atá sí anois '... sórtáilte de láimh agus/nó de mheaisín ar chriosanna iompair, le cuidiú ó ghearrthóirí meicnithe...'.

Cuireadh mír nua leis an roinn 'Ullmhúchán lena gcur ar an margadh mar tháirgí úra': *Táirgí atá le cur ar an margadh agus iad úr, ní fhéadfar an dara próiseas láimhseála a dhéanamh orthu.* B'éigean toirmeasc a chur ar an gcleachtas mar atá lus súgach úr a athphacáistiú mar gheall ar chaillteanas mór cáilíochta an táirge. Is glasra an-mheatach é an lus súgach. Tá sé an-sobhriste agus éadrom, agus tá riosca ard go mbrúfaí é agus go mbrisfí a bharra. Tá an seans ann freisin go dtriomófaí é nuair a bhaintear as an slabhra fuar é, agus ní fada go n-éiríonn sé sleabhctha dá dheasca.

Níl gá leis an abairt a bhí mar a leanas:h 'Bailítear na lusanna súgacha ansin ina mbearta aonfhoirmeacha de ½ kg, 1 kg nó 2 kg agus cuirtear i gcliathbhoscaí iad'. Scriosadh í, toisc gur raibh an fhaisnéis sin le fáil cheana i Roinn **B.3. (Caighdeáin le haghaidh táirgí a dhíoltar úr nó stánaithe).**

Is mar a leanas a bhí an mhír dheireanach roimhe seo: *Déanann an Bord Rialála faireachán ar sheachadadh, láimhseáil, cur i láthair agus seoladh an lusa shúgaigh úir, a scaoiltear faoin ainm faoi chosaint tar éis dó dul faoi rialú cáilíochta*. Athraíodh é go dtí an méid seo a leanas: *Ní mór seiceálacha a dhéanamh ar sheachadadh, láimhseáil, cur i láthair, lipéadú agus seoladh an lusa shúgaigh úir a chumhdaítear leis an TGFC*. Tá an t-athrú ríléir faoi struchtúr eagrúcháin nua an Bhoird Rialála, arb é an comhlacht bainistíochta é agus nach gá dualgais rialaithe a bheith aige.

Ar deireadh, tá simpliú déanta ar an bhfoclaíocht lena dtugtar tuairisc ar na céimeanna sa phróiseas 'Cannadóireachta', agus léitear anois mar a leanas é:

*Is éard atá i bpróiseáil thionsclaíoch na céimeanna seo a leanas: hiodráitiú, bun na ngas a bhearradh, an lus súgach a ní, agus an dara bearradh ar fhad an choimeádáin. I bpróiseáil uathoibríoch, faightear an lus súgach atá bearrtha cheana féin ar fhad an choimeádáin, bánaítear ansin é, fuaraítear é, tugtar níochán iar-bhánú dó, sórtáiltear de láimh é de réir méide chun aon ghas lochtach a bhaint agus pacáiltear de láimh é i gcannaí ina gcuirtear leacht leasaitheach ansin (sáile, ola olóige úríon nó cinn eile); ansin déantar na cannaí a réamhthéamh, a shéamú, a stánú, a fhuarú, a stóráil, a lipéadú/a chur i mbosca, a stóráil arís agus a sheoladh. D'fhéadfadh úsáid sceithchórais teacht in ionad na céime réamhthéite. Féadfar an chéim ina stóráiltear an táirge deiridh don dara huair a fhágáil ar lár freisin.*

*D'fhéadfadh steiriliú nó paistéaradh trí aigéadú a bheith i gceist leis an stánú. Is modh traidisiúnta é an dara modh chun 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe a ullmhú.*

Tá an tuairisc ar an bpróiseas cannadóireachta níos simplí anois chun seiceálacha ar tháirgí a éascú. Cumhdaítear leis an téacs anois freisin bealaí nua oibre sa tionscal atá oiriúnach lena gcuimsiú sa tsonraíocht táirge, lena n-áirítear próisis uathoibrithe, cineálacha leachtanna leasaitheacha a shonrú, agus solúbthacht a cheadú maidir le lipéadú/cur i mbosca/stóráil bhreise an táirge deiridh.

Thairis sin, chomh maith leis an steiriliú traidisiúnta (pH-neodrach) a cumhdaíodh leis an leagan roimhe seo, luaitear sa tsonraíocht táirge nua freisin paistéaradh trí aigéadú, córas traidisiúnta a úsáideadh chun lus súgach fiáin *triguero* agus 'Espárrago de Huétor-Tájar' a stánú ó bhí 1970 ann. Is próiseas teasa níos séimhe é paistéaradh trí aigéadú ná steiriliú. Cuidíonn sé le 'Espárrago de Huétor-Tájar' a choimeád slán agus a uigeacht éadrom fheolmhar agus solúbtha a choinneáil. Cuidíonn an próiseas freisin le frithocsaídeoir nádúrtha atá i lus súgach stánaithe a chobhsú, frithocsaídeoir ar a dtugtar rúitin (ceircéatin-3-O-rúitinisíd), ag a bhfuil buntáistí móra sláinte.

Ar deireadh, rinneadh athbhreithniú ar an mír dheireanach – 'Déanann an Bord Rialála faireachán ar scóir cháilíochta agus sannann sé do na próisis sin go léir iad – seachadadh, ullmhú, pacáistiú agus deimhniú an táirge deiridh' – chun 'Ní mór seiceálacha a dhéanamh le linn phróiseas iomlán an táirge deiridh a sheachadadh, a ullmhú, a phacáistiú, a lipéadú, a stóráil agus a sheoladh'. Tá an t-athrú ríléir faoi struchtúr eagrúcháin nua an Bhoird Rialála, arb é an comhlacht bainistíochta é agus nach gá dualgais rialaithe a bheith aige.

5.13. *Mír thosaigh agus athstruchtúrú na bhforanna i Roinn F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL*

Is éard atá sa leasú seo mír thosaigh a chur isteach agus athstruchtúrú agus athuimhriú a dhéanamh i sonraíocht fhoranna Roinn **F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL.**

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Rinneadh foranna na roinne 'Nasc leis an limistéar áitiúil' a athstruchtúrú agus a uimhriú chun gur fusa iad a léamh agus chun struchtúr Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 a leanúint: saintréithe an limistéir gheografaigh / saintréithe an táirge / gaol idir an dá rud.

Cuireadh foroinn dar teideal 'Cáil' in ionad na foroinne 'Stair'. Tá téacs nua ann lena gcuirtear i láthair an 'Nasc leis an limistéar áitiúil', ina dtugtar tuairisc ar an ngné is tábhachtaí a nascann an táirge lena chomhshaol nádúrtha chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Leis an leagan nua seo den tsonraíocht, bunaítear 'saintréithe táirge sonracha éagsúla ar féidir iad a chur i leith an chomhshaoil talmhaíochta shonraigh' mar an ghné is tábhachtaí den nasc idir an táirge agus an comhshaol áitiúil; ar an dara dul síos, chun an pointe roimhe seo a chomhlánú, tugtar tuairisc ar an ngaol le tionscnamh an táirge, nó lena 'cháil'.

5.14. *Teideal a athrú agus inneachar na foroinne 'Stair' a thabhairt cothrom le dáta. Roinn F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL*

Baineann an leasú leis an athrú ar theideal na foroinne 'Stair' go 'F.1. - Cáil' agus an fhaisnéis atá inti a thabhairt cothrom le dáta. Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht táirge, san fhoroinn 'Stair' de Roinn **F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL**.

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Cuireadh 'F.1 - Cáil' in ionad theideal na foroinne 'Stair'. Tugadh an fhoclaíocht in **F.1. 'Cáil'** (ar a dtugtaí 'Stair' roimhe seo) cothrom le dáta, ós rud é gur tugadh an fhaisnéis bhibleagrafach agus eolaíoch maidir le 'Espárrago de Huétor-Tájar' cothrom le dáta le 20 bliain anuas.

Leis an leagan nua, tugtar isteach tagairtí do litríocht stairiúil a thacaíonn leis an maíomh go bhfuil lus súgach *tríguero* a fhásann go fiáin ar eolas agus go bhfuil luach air ó bhí an chianaois ann, agus – mar a tugadh tuairisc air cheana sa tsonraíocht táirge roimhe seo – an chaoi a bhfuil sé difriúil le lus súgach garraí (*Asparagus officinalis* L.). Tacaíonn teistiméireachtaí ó fheirmeoirí Huétor-Tájar leis an bhfaisnéis stairiúil ó na 1930idí agus na 1940idí atá i bhfoilseacháin a d'eisigh Bord Rialála TGFC 'Espárrago de Huétor-Tájar' féin in 2000. (Foilseachán *El arte culinario del «Espárrago de Huétor-Tájar [Ealaín chócaireachta Espárrago de Huétor-Tájar])*. Sa phlé ar cháil stairiúil an táirge, tugtar tuairisc sa téacs nua ar an gcaoi ar fhorbair earnáil an chomharchumainn i mbaile Huétor-Tájar sna 1980idí a bhuí le saothrú an chineáil dhúchasaigh sin, rud a d'fhág gurbh féidir le Huétor-Tájar cáil a bhaint amach dó féin mar cheann de na príomhlimistéir saothrúcháin lusa shúgaigh san Eoraip. Idir 1996 agus 2003 tháinig roinnt foilseachán chun cinn inar pléadh an tionchar socheacnamaíoch a bhí ag saothrú 'Espárrago de Huétor-Tájar' sa limistéar táirgthe, ag tacú leis an tuairim gur 'limistéar tábhachtach saothrúcháin lusa shúgaigh sa Spáinn agus san Eoraip ina iomláine' a bhí i mbaile sin Granada.

Tá tuairisc stairiúil sa téacs anois freisin ar an gcaoi ar bunaíodh an tionscal cannadóireachta in Huétor-Tájar sna 1970idí, agus an 'Espárrago de Huétor-Tájar' á lorg ag ceannródaí lusa shúgaigh stánaithe na Spáinne, José Redondo Fúnez, mar gheall ar a chosúlacht leis an lus súgach fiáin *triguero*. Ba é trádmharc 'Los Monteros' an chéad bhranda Spáinneach faoina ndearnadh lus súgach na Meánmhara a phacáistiú den chéad uair in 1970, agus ina dhiaidh sin 'Espárrago de Huétor-Tájar' go luath sna 1980í, mar gheall ar an gcosúlacht mhór a bhí aige leis an lus súgach fiáin *triguero*.

5.15. *Teideal a athrú agus clár a thabhairt cothrom le dáta san fhoroinn 'Nádúr' (Tírdhreach, Ithreacha, Aeráid agus Hidreagrafaíocht). Roinn F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL*

Baineann an leasú leis an athrú ar theideal na foroinne '-Nádúr' go '**F.2. - Saintréithe sonracha an limistéir táirgthe**', chomh maith leis an bhfaisnéis san fhoroinn a thabhairt cothrom le dáta, agus ceartaíonn sé botúin chló agus earráidí sna ranna maidir le Tírdhreach, Ithreacha, Aeráid agus Hidreagrafaíocht. Rinneadh an fhoroinn a athstruchtúrú ina dhá cheannteideal: 'Tosca nádúrtha' agus 'Tosca daonna'. Tugadh an fhaisnéis faoin gceannteideal 'Tosca nádúrtha' cothrom le dáta, agus cuireadh ceannteideal nua, 'Tosca daonna', isteach mar chuid fhíor-riachtanach den fhoroinn nua den tsonraíocht '**F.2. - Saintréithe sonracha an limistéir táirgthe'**(dar teideal 'Nádúr' roimhe seo).

Déanann na leasuithe sin difear don tsonraíocht táirge, san fhoroinn 'Nádúr' de Roinn **F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL**.

Tuairisc mhionsonraithe ar na hathruithe agus ar an gcúis atá leis an leasú

Cuireadh '**F.2.'- 'Saintréithe sonracha an limistéir táirgthe**' in ionad theideal na foroinne 'Nádúr', i gcomhréir leis an struchtúr nua le haghaidh an roinn athbhreithnithe 'Nasc leis an limistéar áitiúil', mar a thugtar tuairisc air i leasú 5.13. Leis sin, beidh sé níos éasca an téacs a léamh agus leanfar struchtúr Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

Faoin gceannteideal 'Tírdhreach', tugadh an teorainn uasta airde maidir le lus súgach a fhás sa limistéar táirgthe cothrom le dáta. Athraíodh an fhoclaíocht *Fástar an barr idir 450 méadar agus 650 méadar os cionn leibhéal na mara* go dtí: *Fástar an barr idir 450 méadar agus 1 100 méadar os cionn leibhéal na mara*. Go ginearálta, is limistéir ísle thorthúla iad na limistéir thraidisiúnta de limistéar táirgthe an TGFC ina bhfástar lus súgach gar d'abhantrach Abhainn Genil agus a craobh-aibhneacha, atá suite idir 450-650 m os cionn leibhéal na mara. Ós rud é go bhfuil an barr tar éis fás níos forleithne, tá an limistéar sin tar éis leathadh i dtreo imill na machairí agus na mbunchnoic in aice láimhe atá mar chuid den limistéar táirgthe, ag baint airde suas le 1 100 m amach.

Ceartaíodh botúin chló agus earráidí faoin gceannteideal '**Ithreacha**'. Cuireadh 'comhthéacs geolaíoch an limistéir táirgthe...' in ionad na foclaíochta 'comhthéacs geolaíoch an Limistéir táirgthe...'. Rinneadh athruithe don abairt *Is iad na huigeachtaí ithreach ina bhfástar lus súgach crédhúrabhán, crédhúrabhán gainmheach agus, ar bhonn níos lú, dúrabhán gainmheach agus dúrabhán siolta* chun é a dhéanamh níos cirte ó thaobh gramadaí de i Spáinnis (foircinn aidiachtúla a cheartú).

Ar deireadh, rinneadh an tríú mír níos cruinne. Luaitear ann anois gur gnách go bhfaightear lí antóiciainine sa lus súgach (barr agus gas) toisc go bhfástar an barr in ithreacha aolchloiche/marla-bhunaithe atá tipiciúil den limistéar táirgthe, agus is gné shainiúil de na hithreacha sin é go bhfuil siad ar bheagán fosfair agus ar mhórán maignéisiam. Athraíodh an fhoclaíocht *Is é an fhíric go bhfuil na hithreacha ar bheagán fosfair agus ar mhórán maignéisiam a thugann don lus súgach a lí dhian, agus glas níos doimhne sa ghas agus níos corcra sa bharr* go dtí: *Tá na hithreacha aolchloiche/ marla-bhunaithe atá tipiciúil sa limistéar táirgthe ar bheagán fosfair agus ar mhórán maignéisiam, rud a fhágann go mbíonn lí dhian antóiciainine (dathú corcra sa bharr agus sa ghas) mar thoradh orthu.*

Ceartaíodh botúin chló agus earráidí faoin gceannteideal 'Aeráid'. Ceartaíodh botúin chló sa chéad mhír, agus slánaítear na luachanna teochta go dtí ionad deachúlach amháin seachas go dtí dhá ionad deachúlach. In ionad...*is é 16,3 1 C an mheánteocht, 7,14 1 C ar an meán sa gheimhreadh agus 26,41 1 C sa samhradh*, léitear an téacs anois ...*is é 16,3 °C an mheánteocht, ag 7,1 °C ar am meán sa gheimhreadh agus 26,4 °C sa samhradh.*

Rinneadh soiléirithe sa tríú mír, lena gcuirtear feabhas ar an tuairisc ar an ngrádán teirmeach ard a fhaightear sa cheantar agus an chaoi a gcuidíonn sé seo le cleitiú bairr a chosc. Cuireadh síneadh leis an bhfrása 'go measartha ard le linn an lae go híseal san oíche' trí '(athruithe móra laethúla i dteocht suas le 22 °C)' a chur leis ina dhiaidh sin.

Cuireadh an frása *Bíonn na meánteochtaí idir 14 °C i mí an Mhárta agus 19,2 °C i mí an Mheithimh* in ionad an fhrása *Bíonn teochtaí idir 141 C i mí an Mhárta agus 19,2 1 C i mí an Mheithimh.*

Dá bhrí sin, tá sé soiléir anois gurb é 14 °C an mheánteocht agus cuireadh '°C' isteach nuair a bhí sí ar iarraidh.

Rinneadh an fhoclaíocht faoin gceannteideal 'Hidreagrafaíocht' a shoiléiriú. Tagraíonn an abairt tosaigh anois do 'An limistéar táirgthe...', arb é an téarma is beaichte é agus a shainmhínítear sa tsonraíocht táirge. Athraíodh an frása 'An Abhainn Genil agus... a thrasnaíonn an limistéir ón oirthear go dtí an t-iarthar' go 'An Abhainn Genil agus... a thrasnaíonn an limistéir táirgthe ón oirthear go dtí an t-iarthar'.

Tá foroinn iomlán nua ann maidir le 'Tosca daonna'. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca tuiscint a fháil ar thosca sonracha an limistéir táirgthe (nádúrtha agus daonna) agus ar an gcaoi a bhfuil siad nasctha le saintréithe an táirge mar a thugtar tuairisc orthu san fhoroinn maidir leis an gcomhghaolú (**F.4. Comhghaol idir tosca nádúrtha agus tosca daonna agus cáilíocht nó saintréithe an táirge**).

Léitear an fo-cheannteideal nua 'Tosca daonna' mar a leanas:

*Tosca daonna*

*Ábhar plandaí agus cleachtais saothraithe a roghnú*

*Is féidir a mheas gur éicitíopa é 'Espárrago de Huétor-Tájar' a bhaineann le baile Huétor-Tájar (pobal 'Morado de Huétor'), mar thoradh ar phróiseas crosphóraithe agus ollroghnú géiniteach ag feirmeoirí an bhaile ó bhí na 1930idí ann. Bhí ról mór ag tosca daonna agus tosca nádúrtha sa limistéar táirgthe i bhforbairt an ábhair plandaí sin.*

*Is éacht mór i ngairneoireacht na Spáinne é an speiceas Asparagus maritimus Mill. agus Asparagus officinalis L. a thrasnú chun hibrid nádúrtha a dhéanamh agus an próiseas roghnúcháin ina dhiaidh sin ó lár an 20ú céad ar aghaidh, a bhfuil baint dhíreach aige le Huétor-Tájar. Níl aon speiceas lusa shúgaigh saothraithe aitheanta eile – traidisiúnta ná tráchtála – aon áit ar domhan atá bunaithe ar hibrid luibheolaíoch den chineál sin.*

*Roghnaítear na máthairphlandaí agus na síolta chun lus súgach dúchasach Huétor-Tájar a fhás trí úsáid a bhaint as na cleachtais thraidisiúnta a leanadh sa bhaile Granada sin ó thús an 20ú céad agus a fágadh le hoidhreacht ó ghlúin go glúin.*

*Tá na cleachtais saothraithe shonracha a leantar – amhail faid mhóra a fhágáil idir plandaí lusa shúgaigh (1,40-1,60 m idir sraitheanna agus 50-70 cm idir plandaí), ceapaí plandaí a lánú de réir a chéile agus buaint a dhéanamh go héifeachtúil agus go cúramach le húsáid teicnící traidisiúnta a forbraíodh in Huétor-Tájar – oiriúnach chun amhábhar ardcháilíochta a fháil.*

*Modhanna cannadóireachta*

*Ullmhaítear 'Espárrago de Huétor-Tájar' trí úsáid a bhaint as teicníc speisialta. Is féidir an t-oideas a rianú siar go dtí an fiontraí cannadóireachta José Redondo Fúnez, a bhí ar na chéad daoine a rinne lus súgach fiáin 'triguero' a leasú agus a dhíol sa Spáinn go luath sna 1970idí agus níos déanaí, thart ar 1982, d'aistrigh sé an modh chuig 'Espárrago de Huétor-Tájar' a tháinig in ionad an lusa shúgaigh fhiáin mar amhábhar mar gheall ar a chosúlacht leis na speicis fhiáine. Is é an chuid is tábhachtaí den phróiseas cannadóireachta lusa shúgaigh an paistéaradh trí aigéadú.*

5.16. *Foroinn nua 'F.3. - Saintréithe sonracha táirge' a thabhairt isteach chun an tsonraíocht a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 nua. Roinn F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL*

Baineann an leasú leis an bhForoinn '**F.3- Saintréithe an táirge**' a thabhairt isteach, foroinn ina ndéantar achoimre ar phríomhcháilíochtaí 'Espárrago de Huétor-Tájar' ar a dtugtar tuairisc i Roinn B) a bhfuil tionchar cinntitheach acu ar cháilíocht an táirge. Tá gá leis an bhforoinn nua sin i gcás sonraíochtaí nua, rud a thugann i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 iad. Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht i Roinn **F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL**.

Leagan nua:

*F.3. - Saintréithe sonracha an táirge*

*Tugann an cineál lusa shúgaigh a fhástar mar 'Espárrago de Huétor-Tájar' saintréithe sonracha áirithe (an chuma, tréithe orgánaileipteacha agus géinitic uathúil) atá tipiciúil don lus súgach fiáin Meánmhuirí (Asparagus maritimus Mill.) as a dtionscnaíonn sé, agus é trasnaithe le Asparagus officinalis L.*

*Cibé an bhfuil sé úr nó stánaithe, tá saintréithe áirithe ag an lus súgach a léiríonn an tionchar mór atá ag tosca comhshaoil agus tosca daonna araon (an chaoi a bhfástar an barr agus a láimhseáiltear na táirgí) ar a chuma, a thréithe orgánaileipteacha agus a chomhdhéanamh fíticheimiceach.*

*Is féidir achoimre a dhéanamh ar na saintréithe sonracha a eascraíonn as próifíl ghéiniteach uathúil 'Espárrago de Huétor-Tájar' mar a leanas:*

— *Cuma:*

  — *Toin antóiciainine (gas agus barr): raonta corcra, cré-umha corcra, cré-umha, glas-corcra agus glas*

  — *Cruth ghas an lusa shúgaigh: díreach agus sorcóireach, idir tanaí agus meánach (4-16 mm), tá an barr biorach nó barrchaolaithe agus níos leithne ná an chuid eile den ghas (sleá-chruthach).*

  — *Craiceann agus brachtanna: tá 'spoir' bheaga ag na gais faoi na brachtanna agus d'fhéadfadh línte laga a bheith le feiceáil ar an gcraiceann*

*Orgánaileipteach (measúnú ar lus súgach úr):*

— *Uigeacht: bog, feolmhar agus solúbtha. Tá na gais an-solúbtha. De réir an trastomhais – dá thanaí an gas, is ea is mó a lúbann sé – is féidir cuid acu a lúbadh níos mó ná 70° gan iad a bhriseadh.*

— *Blas: idir searbh agus milis*

— *Dea-bholaithe: dea-bholadh dian.*

*Is féidir na tréithe fisiceacha agus orgánaileipteacha sin uile a fháil freisin i speicis lusanna súgacha eile a fhásann go fiáin (Asparagus albus, Asparagus aphyllus, Asparagus acutifolius, Asparagus horridus, Asparagus maritimus, etc.) ar a dtugtar 'espárragos trigueros' i ndeisceart na Spáinne.*

*Ina theannta sin, is iad seo a leanas saintréithe sonracha 'Espárrago de Huétor-Tájar' a bhaineann le tosca agra-chomhshaoil:*

*Gas agus barr a bhfuil cruth maith orthu, agus dathú antóiciainine nó corcairghorma an lusa shúgaigh, an barr go háirithe. As an sainaire a thugann an feirmeoir don bharr agus an láimhseáil táirgí, mar aon le dálaí maithe feirmeoireachta agus aeráide an limistéir, tagann amhábhar ar ardcháilíocht – gas lusa shúgaigh an-díreach agus barr dea-dhéanta corcairghorma.*

5.17. *Foroinn nua 'F.4. - Comhghaol idir tosca nádúrtha agus tosca daonna agus cáilíocht nó saintréithe an táirge' a thabhairt isteach chun an tsonraíocht a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Roinn F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL*

Baineann an leasú le foroinn nua a cuireadh isteach chun nasc nár cumhdaíodh go sainráite sa leagan den tsonraíocht táirge roimhe seo a mhíniú: **F.4 - Comhghaol idir tosca nádúrtha agus tosca daonna agus cáilíocht nó saintréithe an táirge**. Tá gá leis an bhforoinn nua seo chun an tsonraíocht táirge nua a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Scríobhadh téacs nua le haghaidh na foroinne seo, trí úsáid a bhaint as roinnt sleachta – maidir le 'dálaí fáis', 'aire a thabhairt don bharr' agus 'buaint' – ón leagan den tsonraíocht táirge roimhe seo. Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht i Roinn **F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL**.

Leagan nua:

*F.4. - Comhghaol idir tosca nádúrtha agus tosca daonna agus cáilíocht nó saintréithe an táirge*

*Tá saintréithe an táirge nasctha leis na tosca nádúrtha mar a leanas:*

*Dálaí sonracha feirmeoireachta agus comhshaoil:*

*Tá na dálaí sonracha feirmeoireachta agus comhshaoil sa limistéar táirgthe fabhrach do ghais lusa shúgaigh an-díreach a fhás ag a bhfuil barra dea-dhéanta, dúnta agus lí dhian antóiciainine, a tharlaíonn de ghnáth le linn na tréimhse buainte, an fáth a dtugtar 'lus súgach glas-corcra' ar lus súgach dúchasach Huétor-Tájar freisin.*

*An fíoras go bhfuil na hithreacha aolchloiche/marla-bhunaithe tipiciúil de limistéar Vega Baja del Genil de Granada ar bheagán fosfair agus na hathruithe móra teochta idir lá agus oíche, tá siad fabhrach do lí dhian antóiciainine i ngas an lusa shúgaigh. Feabhsaíonn an cion ard potaisiam in ithreacha crédhúrabháin an limistéir táirgthe cáilíocht na lusanna súgacha, rud a thugann barr dea-dhéanta do na gais.*

*Tá na gaotha séimh sa limistéar táirgthe, toisc go bhfeidhmíonn na sliabhraonta cóngaracha mar bhacainn. Tá sé sin go maith le haghaidh fás lusa shúgaigh, go háirithe ag tráth buainte, toisc nach bhfuil gais na lusanna súgacha cromtha agus iad ag fás, rud a fhágann gais an-díreach.*

*Tá teochtaí le linn na buainte oiriúnach chun lus súgach ar ardcháilíocht a fhás, ag athrú ó mheasartha ard le linn an lae go híseal san oíche (athruithe móra laethúla i dteocht suas le 22 °C), rud a chuireann ar a chumas do na gais fás sa chuid lárnach den lá agus cleitiú bairr a sheachaint san oíche. Tá na hathruithe móra teochta sin fabhrach do lí antóiciainine i ngas an lusa shúgaigh freisin.*

Is géiniteach iad déine ard na hantóiciainine nó dathú corcairghorm na ngas lusa shúgaigh, atá treisithe ag tosca comhshaoil a mhéadaíonn leibhéil líocha áirithe – na hantóiciaininí – sa chraiceann. Tá leibhéil an-ard de pholaifeanól gaolmhar eile in 'Espárrago de Huétor-Tájar' freisin, ar a dtugtar rúitin (ceircéatin-3-O-rúitinisíd) laistigh de dhomhan an lusa shúgaigh. Ball den fhine flavonóidigh, tá rúitin freagrach as na deascáin liatha a fhaightear de ghnáth in 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe. Baineann sé le fine fíticheimiceáin ag a bhfuil aitheantas maith, na polaifeanóil, agus is frithocsaídeoir a thugann sláinte é.

*Tá saintréithe an táirge nasctha leis na tosca daonna mar a leanas:*

*Dálaí sonracha fáis:*

*Is iad na gnéithe den saothrú a bhfuil tionchar ag an duine orthu an bealach ina bhfaightear an t-ábhar plandaí agus na sainteicnící fáis agus buainte, a rannchuidíonn le táirgeadh lusa shúgaigh dea-dhéanta ar ardcháilíocht.*

** Conas a fhaightear an t-ábhar plandaí*

*Chun ábhar plandaí dúchasach a fháil, is gá ar dtús rogha bheacht de mháthairphlandaí a dhéanamh. Ó bhí na 1930idí ann, tá feirmeoirí Huétor-Tájar tar éis an próiseas seo a dhéanamh le taithí agus dúthracht, rud a sholáthraíonn an bonn le haghaidh fhorbairt an chineáil áitiúil 'Huétor-Tájar glas-corcra', ar a dtugtar pobal 'Morado de Huétor' sa litríocht freisin.*

*Tá an t-éicitíopa sin a bhaineann le baile Huétor-Tájar mar thoradh ar phróiseas crosphóraithe agus ar ollroghnú géiniteach a rinne feirmeoirí an bhaile ó thús an 20ú céad. Meastar gur éicitíopa é 'Espárrago de Huétor-Tájar' ar gaol dlúth filiginiteach é den speiceas Asparagus maritimus Mill., ón bhfine luibheolaíoch chéanna leis an 'espárrago triguero', arb é an t-ainm a úsáidtear go traidisiúnta i ndeisceart na Spáinne chun tagairt a dhéanamh do roinnt speiceas ón ngéineas Asparagus (Asparagus albus, Asparagus aphyllus, Asparagus acutifolius, Asparagus horridus, Asparagus maritimus, etc.) atá mar chuid de ghnáthshaol phlandaí na Meánmhara. Tá na speicis sin an-difriúil leis an ngnáthspeiceas saothraithe Asparagus officinalis L., lena n-áirítear na saothróga tráchtála agus na cineálacha tráchtála atá ann faoi láthair a tháirgtear ar fud an domhain.*

*Is é an phríomhcháilíocht orgánaileipteach is coiteann do na speicis éagsúla de lus súgach fiáin 'triguero' a mblas beagán searbh nó idir searbh agus milis, cáilíocht atá le fáil freisin in 'Espárrago de Huétor-Tájar'. Faigheann 'Espárrago de Huétor-Tájar' a sheirbhe ó bhithchomhartha sóirt sonrach eile den phobal lusa shúgaigh sin: sarsasapogenin, ball de na haigliocóin, grúpa fíticheimiceach. Níl an tsubstaint seo le fáil sna gnáthchineálacha saothraithe lusa shúgaigh, a bhaineann go léir leis an speiceas Asparagus officinalis L.*

*An dlúthghaireacht fhíliginiteach idir 'Espárrago de Huétor-Tájar' agus an speiceas fiáin Asparagus maritimus Mill. – in éineacht le tréithe coiteanna luibheolaíocha, orgánaileipteacha agus fíticheimiceacha eile – nascann siad an dá cheann. Déantar idirdhealú leis freisin idir 'Espárrago de Huétor-Tájar' agus cineálacha tráchtála eile de lus súgach garraí, a thagann ón speiceas Asparagus officinalis L.*

** An lus súgach a chur agus forbairt barr*

*Is saintréith shonrach de lus súgach dúchasach Huétor-Tájar é an patrún plandála, toisc gur cineál an-fhadsaolach é. Cuirtear plandaí níos faide óna chéile, rud a fhágann 1,4-1,6 m idir sraitheanna agus 50-70 cm idir plandaí.*

** Aire a thabhairt don bharr*

*Tá an lánú tábhachtach chun dea-cháilíocht a fháil sa chineál seo. Is éard atá sa phróiseas ná ithir a charnadh de réir a chéile ar an iomaire ar feadh shaol na ceapaí, ag cuidiú le cosc a chur ar an lus súgach gan éirí níos lú ná dul i dtreo cleitithe. Ní mór cúram a ghlacadh – lenar gá an-taithí a bheith ag an bhfeirmeoir – chun a áirithiú gur próiseas de réir a chéile é sin, toisc go bhféadfadh an iomarca ithreach a bheith ina chúis le plúchadh fréimhe i mblianta fliucha.*

** Buaint:*

*Is iondúil go mbuantar an barr go luath ar maidin ionas nach nochtar an lus súgach don ghrian mheán lae. Déantar roghnú tosaigh go díreach ar an dáileacht, agus faightear réidh le haon lus súgach atá oscailte, casta, damáiste ag lotnaidí, etc. Bailítear an lus súgach i mbearta agus cuirtear go cúramach é san fheithicil, post lena n-éilítear scil agus taithí chun a áirithiú nach mbristear gais íogaire na lusanna súgacha le linn iompair go dtí an lárionad láimhseála nó próiseála.*

*Braitheann an bhuaint rathúil ar theicníc agus ar thaithí a fhágtar le hoidhreacht ó ghlúin go glúin.*

*Coinníollacha sonracha cannadóireachta*

*Ar deireadh, cuidíonn coinníollacha sonracha próiseála amhail 'paistéaradh trí aigéadú' le 'Espárrago de Huétor-Tájar' a choinneáil slán agus a uigeacht fhíneálta fheolmhar agus sholúbtha a chaomhnú, chomh maith le tiúchaintí cobhsaí frithocsaídeora a thugann sláinte atá tipiciúil de 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe a choinneáil ar bun, is é sin rúitin (ceircéatin-3-O-rúitinisíd), ar féidir iad a fháil mar dheascán liath ag bun an channa. Tá rúitin le fáil i dtiúchaintí i bhfad níos airde i lus súgach ó cheantar Huétor-Tájar mar gheall ar thosca agra-chomhshaoil.*

5.18. *Cuireadh córais nua le haghaidh seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge in ionad na bhforálacha a bhaineann leis an gComhlacht Cigireachta. Níl an teideal 'COMHLACHT CIGIREACHTA' ar Roinn G a thuilleadh ach ina ionad sin tá 'SEICEÁLACHA AR CHOMHLÍONADH NA SONRAÍOCHTA TÁIRGE' uirthi*

Baineann an leasú le faisnéis a tugadh cothrom le dáta faoin údarás inniúil agus nasc lena shuíomh gréasáin, ar a bhfuil mionsonraí faoin gcomhlacht um measúnú comhlíontachta. Is é is cúis leis sin an téacs a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais maidir le seiceálacha ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge a bunaíodh i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Níl an teideal '**COMHLACHT CIGIREACHTA**' ar Roinn **G** a thuilleadh ach ina ionad sin tá '**SEICEÁLACHA AR CHOMHLÍONADH NA SONRAÍOCHTA TÁIRGE**' uirthi. Déanann an leasú seo difear don tsonraíocht i Roinn **F) NASC LEIS AN LIMISTÉAR ÁITIÚIL**.

5.19. *Lógó TGFC agus foclaíocht Roinn H) LIPÉADÚ a thabhairt cothrom le dáta*

Is éard atá sa leasú lógó agus foclaíocht an TGFC a thabhairt cothrom le dáta, agus 'an Bord Rialála' a chur in ionad 'comhlacht bainistíochta', mar aon le roinnt gnéithe d'fhormáidí lipéadaithe an ábhair planda. Baineann an leasú seo le roinn **H) LIPÉADÚ** den tsonraíocht táirge.

Tuairisc ghairid ar an leasú agus an chúis atá leis

Ar fud an téacs, cuireadh 'TGFC' in ionad an téarma 'Ainmniúchán Sonrach' agus cuireadh 'an Bord Rialála' in ionad 'comhlacht bainistíochta'. Cuireadh 'síológa' leis na cineálacha ábhair plandaí a liostaítear sa dara mír, agus leagadh síos glas (Pantone 576) mar an t-aon dath lipéid tánaistigh amháin atá le húsáid le haghaidh ábhar plandaí (síol, síológa nó corónacha).

Tugadh an lógó TGFC cothrom le dáta, mar a leanas:

Cuireadh mír nua isteach ag deireadh Roinn H) chun gur féidir faisnéis luibheolaíoch faoi 'Espárrago de Huétor-Tájar' a bheith ar na lipéid.

*Féadfaidh an méid seo a leanas, de rogha, a bheith ar lipéadú ábhair plandaí agus na dtáirgí a chumhdaítear araon:*

*'Variedad tipo espárrago triguero "Asparagus officinalis L. x Asparagus maritimus Mill."'*

5.20. *Scriosadh Roinn I (CEANGLAIS REACHTACHA)*

Scriosadh an roinn seo toisc nach ceanglas í a thuilleadh le haghaidh sonraíochtaí táirge faoi Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

5.21. *Scriosadh na fíoracha (léarscáileanna)*

Baineadh na grafaicí (léarscáileanna) ó dheireadh na sonraíochta táirge toisc nach raibh aon fhaisnéis úsáideach iontu.

DOICIMÉAD AONAIR

**Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

**'ESPÁRRAGO DE HUÉTOR-TÁJAR'**

**Uimh. AE: PGI-ES-0056-AM01**

**TGFC (X) ATFC ()**

1 **Ainm (nó ainmneacha)**

'Espárrago de Huétor-Tájar'

2 **Ballstát nó Tríú Tír**

An Spáinn

3 **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1 *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh úra nó phróiseáilte

3.2 *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tagraíonn an t-ainm 'Espárrago de Huétor-Tájar' do ghais lusanna súgacha glasa-corcra, boga, sláintiúla, glana ón gcineál áitiúil ar a dtugtar 'Espárrago Verde Morado de Huétor-Tájar' nó 'Morado de Huétor' (*Asparagus officinalis* L. x *Asparagus maritimus* Mill.), ar a dtugtar '*espárragos trigueros*' go háitiúil.

Is iad seo a leanas na saintréithe an difríocht idir 'Espárrago de Huétor-Tájar' agus cineálacha tráchtála eile de lusanna súgacha glasa:

— **Cuma:** Tá dathú antóiciainine ar an lus súgach i raonta corcra, cré-umha corcra, cré-umha, glas-corcra nó glas. Bíonn na gais díreach agus sorcóireach. Bíonn siad idir tanaí agus meánach (idir 4 mm agus 16 mm ar trastomhas), agus bíonn an barr biorach nó barrchaolaithe agus níos leithne ná an chuid eile den ghas (sleá-chruthach). Bíonn 'spoir' bheaga ag na gais faoi na brachtanna agus d'fhéadfadh línte laga a bheith le feiceáil ar an gcraiceann.

— **Tréithe orgánaileipteacha:** Nuair a bhíonn sé úr, bíonn uigeacht an lusa shúgaigh bog, feolmhar agus solúbtha. Bíonn na gais an-solúbtha: de réir an trastomhais – dá thanaí an gas, is ea is mó a lúbann sé – is féidir cuid acu a lúbadh níos mó ná 70 °. Bíonn blas fíneálta idir searbh agus milis agus dea-bholadh dian ar an lus súgach.

Is féidir an lus súgach a dhíol úr nó i gcannaí.

Déantar lus súgach a dhíoltar úr a ghrádú de réir fad an ghais agus trastomhas ina dhá aicme: 'Breise' agus 'I'. Leagtar síos na ceanglais agus na lamháltais lochta le haghaidh na n-aicmí sin sa tsonraíocht táirge.

Is é 4 mm an trastomhas íosta le haghaidh lus súgach a dhíoltar úr i gcás an dá aicme ('Breise' agus 'I'). Ní fhéadfaidh an difríocht trastomhais idir na gais is tibhe agus na gais is tanaí i bpacáiste nó beart aonair a bheith níos mó ná 8 mm.

Is féidir an lus súgach úr a chur i láthair ar cheann de na bealaí seo a leanas:

I mbearta suas le 2 kg atá ceangailte go daingean;

Scaoilte nó cuachta i bpacaí a chuirtear i bpacáistí nó i mboscaí suas le 6 kg.

Leasaítear 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe in aon cheann de na leachtanna leasaitheacha atá údaraithe ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá sáile (uisce, salann agus aigéad citreach) agus ola olóige úríon coitianta go háirithe. Déantar é a ghrádú trí úsáid a bhaint as na haicmí cáilíochta 'Breise' agus 'I'. Leagtar síos na ceanglais agus na lamháltais lochta le haghaidh na n-aicmí sin sa tsonraíocht táirge.

3.3 *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Táirgí stánaithe:

— Lus súgach ó phobal dúchasach Huétor-Tájar, a fhástar agus a bhuaintear laistigh den limistéar táirgthe.

— Leachtanna leasaitheacha a údaraítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le glasraí leasaithe.

3.4 *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na céimeanna seo a leanas a dhéanamh laistigh den limistéar táirgthe: roghnú agus táirgeadh síolta, plandáil agus forbairt barr, buaint, seachadadh, ullmhú, stóráil agus láimhseáil an lusa shúgaigh i monarchana táirgí úra, agus cannadóireacht.

3.5 ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, lipéadú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Ní mór an táirge, i bhfoirm úr agus stánaithe araon, a phacáistiú laistigh den limistéar táirgthe chun cáilíocht an táirge a chaomhnú ó thús go deireadh. Is táirge an-mheatach é lus súgach, ina bhfuil cion ard uisce (os cionn 90 %) agus is féidir é a dhíhiodráitiú go tapa. Tá barra na ngas an-leochaileach agus ní féidir leo teacht i dteagmháil le huisce sula n-ullmhaítear an táirge lena dhíol (mar d'fhéadfadh na barra a lobhadh). Tá taithí áitiúil a fuarthas sa tionscal láimhseála/cannadóireachta 'Espárrago de Huétor-Tájar' ríthábhachtach chun cáilíocht an táirge a chaomhnú suas leis an bpacáistiú.

Táirgí atá le cur ar an margadh agus iad úr, ní fhéadfar an dara próiseas láimhseála a dhéanamh orthu.

Ní mór an frása *Indicación Geográfica Protegida 'Espárrago de Huétor-Tájar'* ['Tásc Geografach faoi Chosaint "Espárrago de Huétor-Tájar"'] nó an lógó cláraithe seo a leanas a bheith ar na lipéid:

Ní mór lipéad tánaisteach uimhrithe a rialaíonn comhlacht bainistíochta an TGFC a bheith i gceangal le gach pacáistíocht a úsáidtear le haghaidh ábhar plandaí (síolta, síológa nó corónacha) nó le haghaidh lus súgach úr nó stánaithe a chumhdaítear leis an TGFC.

Féadfar na nithe seo a leanas, de rogha, a lua ar an lipéadú:

'Variedad tipo espárrago triguero "*Asparagus officinalis* L. x *Asparagus maritimus* Mill."'

## 4 Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Tá an limistéar táirgthe suite i limistéar 'Vega Baja del Genil' in iarthar chúige Granada, idir dhá shliabhraon: an Córas Subbaetic ó thuaidh agus an Córas Penibaetic ó dheas. Is éard atá ann bardais Huétor-Tájar, Illora, Loja, Moraleda de Zafayona, Salar agus Villanueva Mesía agus tá achar thart faoi 78 000 heicteár ann.

## 5 Nasc leis an limistéar geografach

Fuarthas amach gurb í an ghné is tábhachtaí den nasc idir an táirge agus an comhshaol áitiúil 'saintréithe sonracha éagsúla an lusa shúgaigh is féidir a chur síos don chomhshaol talmhaíochta shonrach'; ar an dara dul síos, chun an pointe roimhe seo a chomhlánú, an gaol le tionscnamh an táirge, nó 'cáil'.

### 5.1 *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tosca nádúrtha

Tá an limistéar táirgthe suite i réigiún Vega Baja del Genil, gleann abhann atá suite in iarthar chúige Granada. Is gleann leathan agus an-torthúil é, atá 450 m ar airde ag an bpointe is ísle, áit inar cuireadh tús le saothrú lusa shúgaigh thart ar 1930. Anois, cumhdaíonn an barr léibhinn Vega Baja del Genil beagnach chomh fada leis an gCóras Baetic (1 100 m ar airde).

Cuirtear na barra in ithreacha aolchloiche/marla-bhunaithe agus crédhúrabháin, ar saintréith de chuid réigiún Vega Baja del Genil Granada iad, atá ar bheagán fosfair agus ar mhórán potaisiam.

Is bacainn ar na gaotha iad na sliabhraonta in aice le limistéir na habhann, áit a ndéantar formhór an tsaothraithe lusa shúgaigh.

Is saintréith de chuid limistéar táirgthe 'Espárrago de Huétor-Tájar' iad na hathruithe móra laethúla i dteochtaí le linn na buainte – suas le 22 °C.

Tosca daonna

Is féidir a mheas gur éicitíopa é 'Morado de Huétor' a bhaineann le baile Huétor-Tájar, mar thoradh ar phróiseas crosphóraithe agus ollroghnú géiniteach ag feirmeoirí an bhaile ó bhí na 1930idí ann. Bhí ról mór ag tosca daonna agus tosca nádúrtha sa limistéar táirgthe i bhforbairt an ábhair plandaí sin.

Is éacht mór i ngairneoireacht na Spáinne é an speiceas *Asparagus maritimus* Mill. agus *Asparagus officinalis* L. a chrosphórú chun hibrid nádúrtha a dhéanamh agus an próiseas roghnúcháin ina dhiaidh sin ó lár an 20ú céad ar aghaidh, a bhfuil baint dhíreach aige le Huétor-Tájar.

Tá na cleachtais saothraithe shonracha a leantar – amhail faid mhóra a fhágáil idir plandaí (1,40-1,60 m idir sraitheanna agus 50-70 cm idir plandaí), ceapaí plandaí a lánú de réir a chéile agus buaint a dhéanamh go héifeachtúil agus go cúramach trí úsáid a bhaint as teicnící traidisiúnta a forbraíodh in Huétor-Tájar – idéalach chun amhábhar ardcháilíochta a fháil.

Ullmhaítear 'Espárrago de Huétor-Tájar' trí úsáid a bhaint as teicníc speisialta. Is féidir an t-oideas a rianú siar go dtí an fiontraí cannadóireachta José Redondo Fúnez, a bhí ar na chéad daoine a rinne lus súgach de chuid na Meánmhara a fhásann go fiáin (*espárragos trigueros*) a leasú agus a dhíol sa Spáinn go luath sna 1970idí agus níos déanaí, thart ar 1982, d'aistrigh sé an modh chuig 'Espárrago de Huétor-Tájar' a tháinig in ionad an lusa shúgaigh fhiáin *triguero* mar an t-amhábhar mar gheall ar a chosúlacht leis na speicis fhiáine. Is é an chuid is tábhachtaí den phróiseas cannadóireachta lusa shúgaigh an paistéaradh trí aigéadú.

5.2 *Saintréithe idirdhealaitheacha an táirge*

Tá saintréithe sonracha ag 'Espárrago de Huétor-Tájar' (cuma agus tréithe orgánaileipteacha) atá tipiciúil den lus súgach fiáin de chuid na Meánmhara (*Asparagus maritimus* Mill.) óna dtionscnaíonn sé, arna chrosphórú le *Asparagus officinalis* L.

Cuma

Toin antóiciainine (gas agus barr): raonta corcra, cré-umha corcra, cré-umha, glas-corcra agus glas

Gas a bhfuil cruth maith air: díreach agus sorcóireach, ó thanaí go meánach (idir 4 mm agus 16 mm ar trastomhas), agus tá an barr biorach nó barrchaolaithe agus níos leithne ná an chuid eile den ghas (sleá-chruthach).

Craiceann agus brachtanna: tá 'spoir' bheaga ag na gais faoi na brachtanna agus d'fhéadfadh línte laga a bheith le feiceáil ar an gcraiceann.

Orgánaileipteach (measúnú ar lus súgach úr):

Uigeacht: bog, feolmhar agus solúbtha. Tá na gais an-solúbtha. De réir an trastomhais – dá thanaí an gas, is ea is mó a lúbann sé – is féidir cuid acu a lúbadh níos mó ná 70° gan iad a bhriseadh.

Blas: idir searbh agus milis

Dea-bholaithe: dea-bholadh dian.

5.3 *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile atá aige (i gcás TGFC)*

Tá saintréithe an táirge nasctha leis na tosca nádúrtha mar a leanas:

— Dálaí sonracha feirmeoireachta agus comhshaoil

Tá dálaí sonracha feirmeoireachta agus comhshaoil sa limistéar táirgthe oiriúnach chun gais lusa shúgaigh atá an-díreach a fhás ag a bhfuil barra dea-dhéanta, dúnta agus lí dhian antóiciainine (corcairghorm), arb é an fáth a dtugtar 'lus súgach glas-corcra' ar 'Espárrago de Huétor-Tájar' freisin.

Tá cion íseal fosfair na n-ithreacha aolchloiche/marla-bhunaithe agus na hathruithe móra teochta idir lá agus oíche (suas le 22 °C) sa limistéar táirgthe fabhrach do lí dhian antóiciainine i ngas an lusa shúgaigh. Rud a bhaineann leis sin ná go bhfaighimid tiúchaintí arda den rúitin fhlavonóideach (ceircéatin-3-O-rúitinisíd) freisin atá i bhfad níos airde ná iad siúd atá le fáil i gcineálacha eile lusanna súgacha glasa.

Leis an gcion ard potaisiam in ithreacha crédhúrabháin an limistéir táirgthe, táirgtear barr dea-dhéanta agus laghdaítear cleitiú. Feidhmíonn na sliabhraonta cóngaracha mar bhacainn ar na gaotha, rud a laghdaíonn claonadh na ngas lusa shúgaigh cromadh agus iad ag fás, agus mar sin, faightear gais an-díreach. Mar thoradh ar na hathruithe móra teochta laethúla le linn na buainte, bíonn cruth maith ar na gais toisc nach bhfásann siad ach amháin i rith an lae.

Ar deireadh, tá saintréithe an táirge nasctha leis na tosca daonna mar a leanas:

— Dálaí fáis sonracha

* Conas a fhaightear an t-ábhar plandaí: is gá na máthairphlandaí a roghnú go beacht. Ó bhí 1930 ann, tá an próiseas sin á dhéanamh ag feirmeoirí Huétor-Tájar le taithí agus dúthracht, rud a sholáthraíonn an bonn le haghaidh fhorbairt an phobail áitiúil 'Morado de Huétor'.

Is í an dlúthghaireacht fhíliginiteach idir 'Espárrago de Huétor-Tájar' agus an speiceas fiáin *Asparagus maritimus* Mill. is cúis leis an nasc eatarthu. Déantar idirdhealú leis freisin idir 'Espárrago de Huétor-Tájar' agus cineálacha tráchtála eile de lusanna súgacha garraí, a thagann ón speiceas *Asparagus officinalis* L. Is é an phríomhcháilíocht orgánaileipteach is coiteann do na speicis éagsúla de lusanna súgacha fiáine a mblas beagán searbh nó idir searbh agus milis, cáilíocht atá le fáil freisin in 'Espárrago de Huétor-Tájar'. Faigheann 'Espárrago de Huétor-Tájar' a sheirbhe ó bhithchomhartha sóirt sonrach den phobal lusa shúgaigh sin: sarsasapogenin, ball de na haigliocóin, grúpa fíticheimiceach. Níl an tsubstaint sin le fáil i gcineálacha eile lusanna súgacha a fhaightear ón speiceas *Asparagus officinalis* L.

* An lus súgach a chur agus forbairt an bhairr Is gné shonrach de shaothrú lus súgach Huétor-Tájar é an patrún plandála spásáilte amach a úsáidtear – ós rud é gur cineál an-fhadsaolach é sin.

* Aire a thabhairt don bharr Agus 'Espárrago de Huétor-Tájar' á fhás, tá sé tábhachtach lánú a dhéanamh de réir a chéile chun táirge dea-dhéanta a fháil (barr dúnta agus trastomhas gais níos leithne). Leis an teicníc sin, is gá an-taithí a bheith ag feirmeoirí Huétor-Tájar, agus fágtar le hoidhreacht í ó ghlúin go glúin ó bhí 1930 ann.

* Buaint: Braitheann éirí na buainte ar theicníc agus ar thaithí, rud atá ríthábhachtach chun táirge úr ardcháilíochta a fháil. Leagadh na cleachtais a úsáidtear chun an lus súgach a bhuaint síos in Huétor-Tájar i bhfad ó shin agus fágadh le hoidhreacht iad ó ghlúin na bhfeirmeoirí go dtí an chéad ghlúin eile.

— Coinníollacha sonracha cannadóireachta

Ar deireadh, cuidíonn coinníollacha sonracha próiseála amhail 'paistéaradh trí aigéadú' le 'Espárrago de Huétor-Tájar' a choinneáil slán agus a uigeacht fhíneálta fheolmhar agus sholúbtha a chaomhnú, chomh maith le tiúchaintí cobhsaí frithocsaídeora a thugann sláinte atá tipiciúil de 'Espárrago de Huétor-Tájar' stánaithe a choinneáil ar bun, is é sin rúitin (ceircéatin-3-O-rúitinisíd), ar féidir iad a fháil mar dheascán liath ag bun an channa. Tá rúitin le fáil i dtiúchaintí i bhfad níos airde i lus súgach ó cheantar Huétor-Tájar mar gheall ar thosca agra-chomhshaoil.

— Cáil

Tá sé ar eolas go raibh bardas Huétor-Tájar, i limistéar Vega de Granada, ar cheann de na chéad limistéir inar fásadh lus súgach garraí, thart ar 1930, mar a luadh san fhoilseachán a tháinig as an dara 'Comhdháil Theicniúil ar Lus Súgach' (Zoilo Serrano, *II Jornadas Técnicas del Espárrago* (1988), Navarre, imleabhar I, leathanach 53).

Rinneadh an ghluaiseacht comharchumainn talmhaíochta in Huétor-Tájar, a bhfuil dlúthbhaint aici le lus súgach Meánmhuirí *triguero*, a comhdhlúthaíodh thart ar 1980, lenar seoladh na táirgí úra ar mhargaí ar fud na Spáinne agus na hEorpa, rud a chiallaíonn gur thosaigh tomhaltóirí ag aithint an táirge i ndáil lena áit tionscnaimh mar 'Espárrago de Huétor-Tájar' (J. Menor Torivio, '*La Vega de Granada: Transformaciones agrarias recientes en un espacio periurbano*' ['Mánna Granada: Forbairtí feirmeoireachta le déanaí i limistéar pear-uirbeach']. Monográfico Tierras del Sur. Universidad de Granada-Instituto de Desarrollo Réigiúnach, 2000). Tugann an geografaí Gearmánach Andreas Voth (Ollscoil Vechta) tuairisc ar an limistéar ina bhfástar lus súgach Huétor-Tájar mar shamhail tagartha i scéim TGFCanna/ATFCanna an Aontais Eorpaigh, ag lua gur 'lus súgach de chineál *triguero*' ('*Triguero-Spargel*') a bhfuil an-tóir air san Andalúis é 'an lus súgach glas-corcra Huétor-Tájar' ('*grün-violettem Spargel bei Huétor-Tájar*'). (Voth, A. 2002: *Innovative Entwicklungen in der Erzeugung und Vermarktung von Sonderkulturprodukten – dargestellt an Fallstudien aus Deutschland, Spanien und Brasilien* [Forbairtí Nuálacha i dTáirgeadh agus Margaíocht Barr Speisialta – ag baint úsáid as cás-staidéir ón nGearmáin, ón Spáinn agus ón mBrasaíl]. Vechtaer Studien zur Angewandten Geographie und Regionalwissenschaft, imleabhar 24, Vechta, 340 lch., tráchtas iardhochtúireachta).

Luadh 'Espárrago de Huétor-Tájar' i Vicipéid ó bhí 2008 ann.

Bhí ról mór ag 'Espárrago de Huétor-Tájar' sa 9ú Comhdháil Eorpach um Lus Súgach (Euro Asper 2012), a tionóladh in Granada (ón 21 go dtí an 23 Márta 2012).

Soláthraíonn foilseacháin eolaíocha idirnáisiúnta a foilsíodh idir 1992 agus 2019 cruthúnas ar nádúr uathúil 'Espárrago de Huétor-Tájar' (L. Amian, et al., 2018, 'Introgression of wild relative *Asparagus* spp. germplasm into the Spanish landrace "Morado de Huétor"' ['Ionghabháil gheirmphlasma an ghaoil fhiáin *Asparagus* spp. i lanrásach na Spáinne "Morado de Huétor"']). *Acta Hortic.* 1223. ISHS 2018. DOI 10.17660/ActaHortic.2018.1223.5)

Ós rud é gur fásadh cineál áitiúil 'Morado de Huétor' sa bhaile ó bhí na 1930idí ann, tá cáil bainte amach ag Huétor-Tájar mar cheann de na réigiúin saothrúcháin lusa shúgaigh is mó aitheantas air san Eoraip.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

**(an dara fomhír d'Airteagal 6(1) den Rialachán seo)**

Tá téacs iomlán na sonraíochta táirge ar fáil ag:

https://lajunta.es/4n5kp

nó trí shuíomh gréasáin na hAireachta Réigiúnaí Talmhaíochta, Iascaigh, Uisce agus Forbartha Tuaithe (https://lajunta.es/3w3lc) trí chliceáil ar:

'Temas'/'Industrias, Innovación y Cadena Agroalimentaria'/'Calidad'/'Denominaciones de Calidad'/'Frutas y Hortalizas'; tá an tsonraíocht lonnaithe faoi ainm an ainmniúcháin cáilíochta seo.